
# Nuashonrú Inbhuanaitheachta 2025



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá - Tom Donnellan, Príomhfheidhmeannach | 3 |
| Réamhrá - John MacNamara, Ceannasaí – Inbhuanaitheacht Chorparáideach | 4 |
| Méadrach 1 Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) | 6 |
| Méadrach 2 Éifeachtúlacht Fuinnimh | 8 |
| Méadrach 3 Giniúint Fuinnimh Ghlain | 9 |
| Páirc Éicifhuinnimh BnM | 10 |
| Méadrach 4 Bithéagsúlacht | 12 |
| Méadrach 5 Athshlánú Tailte Portaigh | 14 |
| Líonra Conairí i Lár na Tíre | 18 |
| Méadrach 6 Athchúrsáil | 20 |
| Athchúrsáil Bhord na Móna | 22 |
| Méadrach 7 Folláine Fostaithe | 24 |
| Príomhoifigeach Airgeadais BnM | 28 |
| Méadrach 8 Rannpháirtíocht sa Phobal, Tairbhe & Comhpháirtíochtaí | 30 |
| Tuairisciú ar Rioscaí Aeráide | 32 |
| Feidhmíocht ESG na Soláthraithe | 35 |
| Tagairtí | 36 |





# Tom Donnellan
# Príomhfheidhmeannach



> "Ba thréimhse chinniúnach i stair BnM an bhliain airgeadais seo caite, toisc gurbh í sin an chéad bhliain iomlán nach raibh aon ioncam ó mhóin againn."

Ina áit sin, dhíríomar i rith na bliana ar ár ngnó fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, leanamar ar aghaidh ag athchóiriú tailte móna agus ag cumhachtú pobal – agus feidhmíocht airgeadais láidir mar bhonn leo sin go léir sa chaoi gur féidir ath-infheistíocht a dhéanamh chun cabhrú todhchaí dhícharbónaithe faoi stiúir fuinnimh ghlas a chur ar fáil d'Éirinn.

Seo í an tríú heagrán de *Nuashonrú Inbhuanaitheachta* bliantúil BnM freisin, agus is deis thráthúil í chun machnamh a dhéanamh ar an tionchar agus an móiminteam atá bainte amach ag an gcuideachta ó gheall sí réimse méadrachtaí ESG a nochtadh.

B'fhéidir gurb é an laghdú ar astaíochtaí fíoraithe BnM an ceann is mó tionchair agus is claochlaithí. Ó rinneadh an cinneadh deireadh a chur le táirgeadh móna agus díriú ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, tá laghdú 95% tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). Is éacht é seo a bhfuilimid thar a bheith bródúil as i BnM agus tá súil againn go mbainfidh daoine eile inspioráid ón méid is féidir a bhaint amach.

Agus muid ag féachaint siar ar 2023, bhí áthas orainn a thuairisciú gur ghin ár ngnó fuinnimh in-athnuaite 1 uair an chloig TeraWatt (TWh) de leictreachas glan, agus is é 1.7 TWh an figiúr sin anois i mbliana, méadú 70%. Is é fuinneamh in-athnuaite ár bpríomhghnó anois agus tá tionscadail láidre beartaithe againn a chuirfear i gcrích sna blianta amach romhainn.

Le linn na bliana seo, shroich agus sháraigh Scéim Ghníomhaíochta Aeráide na dTailte Móna (PCAS) nuair a athshlánaíodh 20,000 heicteár de phortaigh. Is iontach an gaisce é seo ós rud é gurb is ionann 20,000 heicteár agus achar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath laistigh den M50, ó Chill Fhiontáin i dtuaisceart na cathrach go Seanchill sa deisceart.

Sna 91 bliain ó bunaíodh an eagraíocht, d'fhéadfaí BnM a aicmiú mar eagraíocht a bhí dírithe go láidir ar fhir formhór an ama, rud a bhí ag teacht le saol na hÉireann ag an am. I gcomhréir lenár ngealltanas do *Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 na Náisiún Aontaithe* – Comhionannas Inscne, tá tionscnaimh agus cláir á gcur i bhfeidhm ar fud na cuideachta chun athchothromú a dhéanamh ar an neamhréireacht stairiúil sin. Tá na hiarrachtaí feasacha seo le feiceáil sa rialachas corparáideach áit ar mhná iad 60% de na daoine ar bhord na stiúrthóirí anois.

Cé gur éirigh le gnó BnM athrú go hiomlán ó bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise, tá tiomantas daingean againn do phobail áitiúla fós. Le trí bliana anuas, leithdháileadh breis is €3.6 milliún ar ár scéimeanna éagsúla um sochair phobail. Tá comhpháirtíocht déanta ag BnM le comhlachtaí eile freisin chun clár cuimsitheach 'conairí agus cosáin' a fhorbairt ar fud na dtailte atá againn, rud a théann chun tairbhe ár gcomharsana agus a fheabhsaíonn acmhainn thurasóireachta na gceantar sin. Bhí an-rath ar ár dtionscail 'Tús Nua' agus 'Luasaigh an Ghlas' agus tá siad ag leanúint orthu ag tacú le fiontraíocht i measc iar-fhostaithe agus cuideachtaí atá dírithe ar an aeráid.

Sa deireadh thiar, tá treo soiléir againn: aistriú fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a thiomáint chun cinn agus saol níos inbhuanaithe agus níos rathúla a sholáthar do chách amach anseo.

**Tom Donnellan**
Príomhfheidhmeannach

# John MacNamara
# Ceannasaí – Inbhuanaitheacht Chorparáideach



"Is é príomhchuspóir an Nuashonraithe Inbhuanaitheachta seo léargas oibiachtúil a thabhairt ar fheidhmiú Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais na cuideachta."

I mí Feabhra, d'fhoilsigh Coimisiún an AE an pacáiste um Ollchlár Simplithe. Tá tuairisciú reachtúil inbhuanaitheachta le cur ar athló agus b'fhéidir go ndéanfar é a shimpliú. Níor laghdaigh sé seo tiomantas BnM dá chlár dhícharbónaithe féin ná dá uaillmhianta inbhuanaitheachta níos leithne.

Is é Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo, a chlúdaíonn an tréimhse ó Aibreán 2024 go Márta 2025 (BY25) an tríú foilseachán as a chéile sa tsraith seo. Tríd is tríd tá an struchtúr agus an leagan amach cosúil leis na blianta roimhe seo, lena n-áirítear roinnt gearr-achoimrí le roinnt páirtithe leasmhara BnM. Leanann na hagallaimh seo snáithe a leagadh síos ar dtús i Nuashonrú na bliana airgeadais 2023 nuair a mhínigh an Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach a bhfís inbhuanaithe don ghnó. Mhínigh cuid d'fhostaithe Bhord na Móna an chaoi a bhfuil siad ag cur na físe seo i bhfeidhm agus á baint amach. San eagrán seo déanann comhpháirtithe, custaiméirí agus páirtithe eile machnamh ar an gcaoi a dtéann soláthar straitéise Bhord na Móna chun tairbhe dóibh go díreach.

Tá sé deich mbliana ó ghlac gach ballstát de na Náisiúin Aontaithe leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe d'aonghuth mar phlean gníomhaíochta suntasach chun síocháin agus rathúnas a chinntiú do dhaoine agus don phláinéid, anois agus amach anseo. Tá 7 gcuspóir idirnasctha déag, 169 sprioc agus breis is 200 táscaire sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe atá dírithe ar dhul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

Le linn Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um an Todhchaí i Meán Fómhair 2024, neartaigh ceannairí an domhain a 'dtiomantas diongbháilte' chun dlús práinneach a chur faoi dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Inbhuanaitheachta a bhaint amach faoi 2030 mar chuid lárnach den chomhaontú stairiúil 'Comhaontú don Todhchaí'. Ó tá an spriocdháta chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach ag druidim linn, aithnítear gar fud an domhain gurb é seo an t-am le beart a dhéanamh.

Anuraidh, rinneadh athbhreithniú agus measúnú inmheánach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe is ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe a chinneadh do straitéis, oibríochtaí agus beartais BnM, nuair a bhíonn ár méadrachtaí inbhuanaitheachta á sainmhíniú agus á nochtadh.

I Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo, tá áthas orainn ár Méadrachtaí feidhmíochta inbhuanaitheachta atá ailínithe leis na Spriocanna seo do Bhliain Airgeadais 25 a áireamh agus a nochtadh.

Ba mhaith leis an bhFoireann um Inbhuanaitheacht Chorparáideach buíochas a ghabháil arís leis an mbord, leis an lucht bainistíochta agus le comhghleacaithe i BnM, chomh maith le comhpháirtithe seachtracha agus páirtithe leasmhara a thacaigh, a chomhoibrigh agus a chuir le hullmhú Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo.

**John MacNamara**
Ceannasaí – Inbhuanaitheacht Chorparáideach





## Buaicphointí na Méadrachtaí Feidhmíochta Inbhuanaitheachta

**Méadrach 1** Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa
Tá laghdú 38% tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa BnM ar fud a chatagóirí astaíochtaí i Raon Feidhme 1, 2 agus 3, a ríomhtar de réir Phrótacal na ngás ceaptha teasa, i gcomparáid le bliain airgeadais 24.

**Méadrach 5** Athshlánú Tailte Portaigh
Chomh maith le breis is 3,000 heicteár d'oibreacha athchóirithe a chríochnú thar ceann na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, sháraigh clár EDRRS BnM féin na 20,000 heicteár d'athchóiriú tailte móna i rith na bliana seo caite.

**Méadrach 2** Éifeachtúlacht Fuinnimh
Léiríonn sonraí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gur bhain BnM feabhsuithe os cionn 69% amach ar Éifeachtúlacht Fuinnimh i gcomparáid le bunlíne 2009.

**Méadrach 6** Athchúrsáil
Leanann Athchúrsáil Bhord na Móna ar aghaidh chun Éire a aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh agus ráta aisghabhála agus atreoraithe líonta talún de thart ar 90% don dramhaíl go léir a bhailítear i rith na tréimhse airgeadais 2025.

**Méadrach 3** Giniúint Fuinnimh Ghlain
D'fhás giniúint leictreachais in-athnuaite 9% i mbliana, agus chuir punann BnM 260MW breise de chumas leis i sócmhainní gaoithe, gréine agus stórála.

**Méadrach 7** Folláine Fostaithe
Tá BnM tiomanta go hiomlán do bheith ina láthair oibre comhionann, éagsúil agus cuimsitheach ina mbraitheann gach duine go bhfuil sé nó sí luachmhar agus ina bhféadann siad forbairt go pearsanta agus go gairmiúil. Sonraítear difríocht -11.25% i dTuarascáil na cuideachta ar an mBearna Pá Inscne, rud a léiríonn rátaí uair an chloig níos airde ar an meán ag mná.

**Méadrach 4** Bithéagsúlacht
Tá athchóiriú tailte móna de chuid BnM ag cruthú gnáthóga bríomhara do réimse leathan bithéagsúlachta, lena n-áirítear 36 speiceas ar tugadh stádas tosaíochta dóibh in Éirinn maidir le hábhair imní faoina gcaomhnú.

**Méadrach 8** Comhpháirtíochtaí agus Rannpháirtíocht sa Phobal
Le linn na bliana airgeadais 25, chruthaigh BnM comhaontuithe comhfhiontair do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, thacaigh siad le fiontair inbhuanaithe agus fostaíocht, d'fhorbair siad bonneagar dírithe ar an bpobal agus lean siad de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do réimse leathan carthanachtaí agus grúpaí áitiúla.

# Méadrach 1
# Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)

Chuaigh Bord na Móna isteach i **gComhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe**[1] anuraidh agus rinneamar gníomh chun ár méadracht inbhuanaitheachta a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI). Ní haon ábhar iontais é go bhfuil SFI 13 Gníomhú ar son na hAeráide, agus Maolú Aeráide ach go háirithe, ar cheann de na Spriocanna a léirigh Bord na Móna ceannaireacht ina leith, agus a léiríonn fós.

Ní haon ábhar iontais é go bhfuil Gníomhú ar son na hAeráide, agus Maolú Aeráide ach go háirithe, ar cheann de na Spriocanna a léirigh Bord na Móna ceannaireacht ina leith, agus a léiríonn fós.

Bhí mar thátal sa chéad tuarascáil Stocáirimh Dhomhanda[2], a d'fhoilsigh na Náisiúin Aontaithe ag COP28, nach bhfuil pleananna náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide leordhóthanach fós chun an t-ardú teochta domhanda a theorannú go dtí 1.5 chéim Celsius agus chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Bhí 'glao ar ghníomhaíocht' sonrach sa Stocáireamh Domhanda chun '*aistriú amach ó bhreosla iontaise i gcórais fuinnimh*'.

Is féidir le Bord na Móna a chur in iúl gurbh í Bliain Airgeadais 2025 an chéad bhliain tuairiscithe iomlán i stair na cuideachta nár úsáideach aon mhóin le haghaidh fuinnimh (ná chun aon chríoch eile). Tá a turas Donn go Glas críochnaithe ag an gcuideachta anois, agus tá sí ag díriú anois ar aistriú na hÉireann go dtí fuinneamh in-athnuaite agus ar chabhrú leis an tír todhchaí neodrach a bhaint amach.


Úsáideann Bord na Móna an Prótacal maidir le Gás Ceaptha Teasa agus a chuid astaíochtaí á ríomh aige i Raonta Feidhme 1, 2 agus 3. Déantar na ríomhanna agus nochtuithe sin a fhíorú go neamhspleách faoi ISO-14064-3.

Is astaíochtaí díreacha iad astaíochtaí Raon Feidhme 1 ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó á rialú ag an gcuideachta. Is astaíochtaí neamhdhíreacha iad astaíochtaí Raon Feidhme 2 ó fhoinsí nach bhfuil faoi úinéireacht nó á rialú ag Bord na Móna, leictreachas ceannaithe den chuid is mó trí úsáid a bhaint as fachtóir astaíochtaí atá foilsithe ag SEAI d'eangach na hÉireann. Clúdaítear in astaíochtaí Raon Feidhme 3 cuideachta astaíochtaí nach dtáirgeann an chuideachta féin go díreach (Raon Feidhme 1) agus ní ghlactar leo mar thoradh gníomhaíochtaí indíreacha ó shócmhainní atá faoina n-úinéireacht nó á rialú acu (Raon Feidhme 2), seachas sin, is astaíochtaí iad a bhfuil an chuideachta freagrach astu go hindíreach suas agus síos a shlabhra luacha.

## Laghdú ar na cineálacha astaíochtaí go léir

Is ionann an uimhir phríomha, féach fíor 1 agus laghdú 38% bliain ar bhliain ar na cineálacha astaíochtaí go léir. Tharla sin, de chuid is mó, ós rud é gur baineadh móin go hiomlán amach as an meascán breosla ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire agus gur aistríodh ár n-aonaid 'buaice' le rith ar bhithbhreosla deimhnithe, Ola Phlandúil Hidriginithe (HVO).

Tháinig laghdú tuairim is 95% ar astaíochtaí comhiomlána de ghháis ceaptha teasa na bliana seo (i Raonta Feidhme 1, 2 & 3) ón bhfigiúr bonnlíne i BA18 agus is fianaise fhollasach é sin ar ghealltanas Bhord na Móna chun a oibríochtaí agus córas cumhachta na hÉireann a dícharbónú agus chun tacú le huaillmhian an rialtais um ghníomhú ar son na haeráide.




**Fíor 1** Prótacal GCT – Raon Feidhme 1, 2 agus 3 Astaíochtaí de réir na Bliana Airgeadais (BA)





## Athruithe ar chomhdhéanamh agus foinsí astaíochtaí

Chomh maith leis an laghdú ollmhór ar astaíochtaí comhiomlána, tá athrú spéisiúil tagtha ar chomhdhéanamh agus ar fhoinsí astaíochtaí Bhord na Móna GCT. I BA18, an bhliain bhonnlíne, b'astaíochtaí a bhain le giniúint cumhachta (agus teasa) agus móin á húsáid mar bhreosla iontaise a bhí i bhformhór mór na n-astaíochtaí $CO_2$eq a tuairiscíodh. I BA25, mar a luadh thuas, níorbh ann d'aon astaíochtaí a bhí inchurtha i leith úsáid móna mar bhreosla iontaise. Mar sin féin, tháinig méadú níos mó ná faoi dhó ar astaíochtaí indíreacha Bhord na Móna i Raon Feidhme 3 (gan Catagóir 3.11, *Úsáid Táirgí Díolta* san áireamh) i gcomparáid le BA18. Sa lá atá inniu ann, baineann 86% d'astaíochtaí Raon Feidhme 3 Bhord na Móna lena shlabhra soláthair –le Catagóir 3.1 – 3.2 *Earraí & Seirbhísí Ceannaithe*, agus *Earraí Caipitil*, go sonrach. Arís, agus d'ainneoin an laghdú ollmhór ar dhearbh-thonaí $CO_2$eq le seacht mbliana anuas, is féidir tuiscint a fháil ar athchothromaíocht den sórt sin idir foinsí astaíochtaí díreacha agus indíreacha trí sheachadadh agus píblíne bhonneagar fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna a thuiscint. Le linn na tréimhse sin, tá méadú faoi cheathair curtha ag Bord na Mona de réir a chéile ar a acmhainn shuiteáilte sócmhainní leictreachais in-athnuaite. Dá bharr sin, tá méadú tagtha ar an gcarbón corpraithe atá inchurtha i leith na cuideachta de réir an Phrótacail Gás Ceaptha Teasa. Tá sé de rún againn píblíne sócmhainní a chur le chéile sna deich mbliana amach romhainn lena gcuirfear méadú faoi chúig ar an acmhainn shuiteáilte reatha. I bhfianaise an phróifíl astaíochtaí seo a bhfuil athrú ag teach uirthi, tá measúnú gníomhach á dhéanamh ag Bord na Móna ar an gcarbón corpraithe atá sna hearraí agus seirbhísí a fhaighimid agus táimid ag obair le soláthróirí agus comhpháirtithe chun é a íoslaghdú mar chuid dár gcion chun an córas cumhachta a dhícharbónú. Pléitear é sin a thuilleadh i Méadrach 3.Tá sé tábhachtach a thuiscint, cé nach bhfuil na hastaíochtaí corpraithe seo a bhaineann le seachadadh sócmhainní fuinnimh in-athnuaite neamhthábhachtach agus dúshlán do gach forbróir fóntais, go bhfuil siad, thar a saolré oibre, i bhfad níos lú ná na hastaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le giniúint breoslaí iontaise.

Ar deireadh, tá sé ar intinn ag Bord na Móna a ghníomhartha um maolú aeráide agus a thionscnaimh um laghdú carbóin a chur ar bhonn foirmiúil trí Spriocanna Eolaíochtbhunaithe (SBTi) a leagan amach agus a ghlacadh. Tá roinnt mhaith oibre i gceist leis an bpróiseas sin agus déanta níos casta é ós rud é go sainaithnítear sa phlean is déanaí ó rialtas na hÉireann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide[3] go dteastaíonn suas le 2 GW de ghiniúint ghásadhainte sholúbtha chun slándáil soláthair agus chobhsaíocht na heangaí a chinntiú. Comhaontaíonn Bord na Móna leis an measúnú sin agus tá sé ag fiosrú an bhféadfaí sócmhainní giniúna gásadhainte a shuí ar a eastát. D'fhéadfadh na haonaid sin, dá mbainfí úsáid astu, méadú a chur ar astaíochtaí Raon Feidhme 1 na cuideachta. Mar sin féin, agus ag teacht le cuspóirí an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, bheadh na haonaid sin in ann bithmheatán in-athnuaite agus/nó hidrigin ghlas a úsáid chun leictreachas saor ó bhreoslaí iontaise a ghiniúint.



**Fíor 2** Feirm Ghaoithe Chluain Críon, Contae Uíbh Fhailí.

# Méadrach 2 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Sonraítear i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7.3 na Náisiún Aontaithe sprioc go mbeidh an ráta domhanda feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh á dhúbailt faoi 2030

Tá faireachán agus tuairisciú déanta ag Bord na Móna (BnM), mar chuideachta leathstáit tráchtála, ar a úsáid fuinnimh i ndáil lena gníomhaíochtaí tráchtála ó 2009. Faoi Phlean athbhreithnithe Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025, tá d'oibleagáid ar chuideachtaí leathstáit éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030. Tá sprioc na hÉireann, a bhfuil glactha go de facto léi ag BnM, ag teacht le SFI NA 7.3.


Chun críoch I.R. Uimh. 426/2014 – *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014*, tá BnM ainmnithe mar *chomhlacht poiblí* agus dá bharr sin tá d'oibleagáid air sonraí faoi bhainistiú fuinnimh agus feidhmíocht a thuairisciú chuig an SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ar bhonn bliantúil tríd an gcóras Faireacháin agus Tuairiscithe.

### Ag sárú na sprioc-chonaire

Maidir le feidhmíocht sa bhliain féilire 2024, is cúis áthais do BnM a thuairisciú go bhfuil a Tháscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI), tomhas de dhéine fuinnimh a úsáidtear mar tháscaire maidir le héifeachtacht iarrachtaí coigilte fuinnimh na heagraíochta, fós ag sárú na sprioc-chonaire (an ráta is gá chun a sprioc 2030 a bhaint amach). Léiríonn figiúirí sealadacha go bhfuil feabhsuithe os cionn 69% bainte amach in aghaidh na bliana bonnlíne (Féach thíos Fíor 3).

Is dócha go ndéanfar sainmhíniú as an nua ar mhéadrach gníomhaíochta Bhord na Móna go luath amach anseo mar thoradh ar threo straitéiseach BnM, a dhíríonn go príomha ar fhuinneamh in-athnuaite a sholáthar. Déanfar príomhghníomhaíochtaí a chuireann le hídiú fuinnimh sa ghnó atá ag athrú a chomhtháthú go hiomlán i modheolaíocht athchóirithe BnM maidir le méadracht gníomhaíochta faoi oibleagáidí tuairiscithe san earnáil phoiblí.

Baintear rath san fheidhmíocht fuinnimh amach laistigh de BnM trí raon leathan beart a chur i bhfeidhm, mar shampla úsáid a bhaint as rialuithe cliste teasa agus soilsithe, bainistiú uisce dromchla, níos mó úsáide a bhaint as breoslaí ísealcharbóin, grianphainéil ar leibhéal dín a shuiteáil, níos lú astaíochtaí iontaise ó fheithiclí de thoradh bainistiú bealaí dhinimiciúil fhlít bailithe Athchúrsála Bhord na Móna agus fás ar fheithiclí leictreacha a bheith á n-úsáid ag fostaithe. Ghlac BnM le feithiclí leictreacha go luath agus tá sé ag tacú leo le fada. Tá os cionn 30 pointe luchtaithe suiteáilte aige ar fud na heagraíochta ionas go bhféadfaidh fostaithe agus cuairteoirí a gcarranna a athluchtú. Tháinig méadú os cionn 17% ar an úsáid a mbaineann fostaithe as feithiclí leictreacha le bliain anuas agus is mó míleáiste a dhéantar iontu ná a dhéantar i bhfeithiclí faoi thiomáint innill dócháin inmheánaigh (feithiclí ICE).




**Fíor 3** Sonraí SEAI a léiríonn Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh BnM (EnPI) ó 2009 go 2024





# Méadrach 3 Giniúint Fuinnimh Ghlain

Chomh maith leis na Gníomhaíochtaí Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a phléitear sa chuid faoi Astaíochtaí GCT (Méadrach 1), tá straitéis chorparáideach Bhord na Móna ailínithe aige le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7 na Náisiún Aontaithe – *"an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh dhomhanda a mhéadú."*

Sa Bhliain Airgeadais dheireanach, chuir tionscadail Bhord na Móna 260MW d'acmhainn bhreise ar fáil i bhfuinneamh gaoithe agus gréine, lenar áiríodh Córas nua Stórála Fuinnimh i gCeallraí (BESS). Tá buntáistí déacha ag an aonad nua BESS sin; tá sé in ann fuinneamh in-athnuaite a stóráil tráthanna a ghintear an iomarca agus ansin an chumhacht sin a scaoileadh saor nuair a theastaíonn sé ón gcóras le linn tréimhsí buaic-éilimh. Tugann sé cobhsaíocht don eangach freisin.


Tar éis na sócmhainní nua sin a chur le heastát Bhord na Móna, rinneadh 1.7 TWh d'fhuinneamh in-athnuaite a onnmhairiú chuig an eangach, méid atá comhionann le 1.7 billiún kWh (an t-aonad fuinnimh a fheictear ar bhillí tí). Is ionann sin agus méadú 9% bliain ar bhliain ar an táirgeadh iomlán leictreachais ghlais. Tháinig méadú ó 77% go 80% ar sciar cothromais na cuideachta d'onnmhairí giniúna in-athnuaite ó eastát Bhord na Móna sa tréimhse chéanna.

Leanfaidh Bord na Móna d'iarrachtaí a dhíriú ar bhonneagar fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar sna blianta amach romhainn. Tá thart ar 5GW de thionscadail i gceist le píblíne tionscadal na cuideachta agus baineann siad le raon teicneolaíochtaí, lena n-áirítear gaoth ar talamh, grianfhuinneamh, bithmhais, bithghás, stóráil, agus gaoth amach ón gcósta sa mheántéarma, i gcomhpháirtíocht le Ocean Winds, ceannaire domhanda maidir le fuinneamh muirí a fhorbairt.

### Dul níos faide ná forbairt agus soláthar

Idir an dá linn, samhlaíonn Bord na Móna gurb é an ról a fhéadfaidh sé a imirt chun rannchuidiú le *Gníomhú ar son na hAeráide* (SFI-13) agus le *Fuinneamh Glan agus Inacmhainne* (SFI-7), dul níos faide ná sócmhainní giniúna in-athnuaite agus ísealcharbóin ar leithligh a fhorbairt agus a sholáthar. Seachas sin, tá sé ar intinn ag an gcuideachta leas a bhaint as na sócmhainní sin mar Pháirceanna Éicifhuinnimh comhtháite. Tabharfaidh na Páirceanna sin, a bheidh lonnaithe in eastát Bhord na Móna, tacaíocht d'úsáideoirí móra fuinnimh ina n-iarrachtaí féin a gcuid oibríochtaí a dhícharbónú agus bonn níos inbhuanaithe a chur faoina samhail ghnó.

Is ionann fíor 4 thíos agus an chéad cheann eile sa tsraith tacar sonraí a bhí sa dá cheann dheireanacha de *Nuashonruithe Inbhuanaitheacha Bhord na Móna* agus léiríonn sí fás cobhsaí agus leanúnach na cuideachta maidir lena haschur fuinnimh in-athnuaite féin.




**Fíor 4** Giniúint Fuinnimh In-athnuaite BnM (MWh pa) ó shócmhainní BnM

# Páirc Éicifhuinnimh BnM

Trí dhul i mbun comhpháirtíochta le Bord na Móna (BnM) ar an bPáirc Éicifhuinnimh nua i Lár na Tíre, tá cabhair á fáil ag Amazon Web Services, cuideachta ollmhór dhomhanda sa néalríomhaireacht, lena hoibríochtaí a dhícharbónú.

**Trí chomhoibriú straitéiseach BnM le Amazon Web Services (AWS), beidh an chuideachta ollmhór dhomhanda sa néalríomhaireacht ar an gcéad ghnólacht le dul isteach i bPáirc Éicifhuinnimh BnM i Lár na Tíre, faoi réir ag ceadú rialála agus pleanála.**

Tá sé mar aidhm ag an gcoincheap atá taobh thiar de Pháirc Éicifhuinnimh BnM, cuideachtaí móra mar AWS a bhfuil a n-oibríochtaí dian ar fhuinneamh, a lonnú in áit ina bhfuil raon teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chabhróidh leo dícharbónú a dhéanamh, agus a chuideoidh le gnólachtaí áitiúla, tionscnaimh phobail agus áiseanna poiblí ag an am céanna.

Tá an Pháirc Éicifhuinnimh ar an gcéad cheann dá cineál in Éirinn agus soláthróidh sí cumhacht ghaoithe agus ghréine agus giniúint sholúbtha chun tacú le hathléimneacht na heangaí nuair a theastaíonn sin. Déanfaidh sí naisc nua leis an eangach leictreachais a fhorbairt freisin.

## An gnó a scálú ar bhealach inbhuanaithe

Dar le Lindsay McQuade, an Stiúrthóir Fuinnimh agus Uisce don Eoraip, don Mheánoirthear agus don Afraic in Amazon Web Services, cuirtear deis uathúil ar fáil, trí dhul i gcomhpháirtíocht le BnM, chun an gnó a scálú ar bhealach inbhuanaithe trí infheistiú i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite chun tacú le hionaid ghnó agus sonraí Web Services.

Leis an gcomhoibriú seo, cruthófar bealach do AWS chun ionaid sonraí arna gcumhachtú le fuinneamh gaoithe agus gréine a fhorbairt i Lár na Tíre i gcomhréir le Prionsabail an Rialtais d'Fhorbairt Ionad Sonraí Inbhuanaithe[4].

"Tá Éire mar bhaile do AWS i réigiún na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice," arsa Lindsay. "Is réigiún ríthábhachtach dúinn í mar is ann a chuirimid ár seirbhísí uile ar fáil dár gcustaiméirí. Agus teastaíonn fuinneamh chun an méid sin uile a rith."

Leag an chuideachta sprioc amach i 2019 chun an leictreachas go léir a ídítear ar fud oibríochtaí domhanda Amazon, lena n-áirítear a chuid ionad sonraí, a chúiteamh le fuinneamh atá 100% in-athnuaite faoi 2030.

Bhí an sprioc sin bainte amach ag an gcuideachta faoin mbliain 2023 – seacht mbliana roimh an spriocdháta – trí infheistiú ollmhór a dhéanamh i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite ar fud an domhain. Tá infheistiú déanta ag an gcuideachta in os cionn 600 tionscadal ar fud an domhain, agus i níos mó ná 230 tionscadal gaoithe agus gréine san Eoraip. Tá an chuideachta ar an gceannaitheoir corparáideach fuinnimh in-athnuaite is mó san Eoraip agus sa domhain le cúig bliana anuas.

"Is garsprioc thábhachtach í inár gcuid iarrachtaí chun ár dtiomantas Gealltanas Aeráide maidir le neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2040," arsa Lindsay. "Táimid tiomanta an bonneagar riachtanach agus na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus leanúint den obair chun ár n-oibríochtaí a chumhachtú ar bhealach níos inbhuanaithe ag an am céanna."

Mar chuid den chomhaontú le BnM, tá AWS ag infheistiú i suas le 800MW de thionscadail fuinnimh in-athnuaite nua in Éirinn. Tá an chéad comhaontú ceannaigh cumhachta corparáideach 105MW sínithe ag AWS le BnM i gcomhair Feirm Ghaoithe Dhoirín an Locha i gCo. Uíbh Fhailí.

"Táimid ag iarraidh leas a bhaint as na hacmhainní fuinnimh in-athnuaite den scoth atá ann in Éirinn agus is rud iontach dúinn a bheith mar chuid dá nginiúint," arsa Lindsay. "Is deis thar a bheith uathúil dúinn é dul i gcomhpháirtíocht le BnM mar gheall ar scála na píblíne tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá ag BnM, láithreáin Dhoirín an Locha, mar shampla, agus an smacht atá aige ar a chúlsoláthar talún – is sócmhainn iontach í."


"Tá saineolas agus léargas ag BnM ar bhonneagar fuinnimh, forbairt, dearadh, tógáil agus oibriú, rud a fhágann gur chomhpháirtí thar barr dúinn é le bheith ag obair leis," arsa Lindsay.

Tabharfaidh an comhaontú ceannaigh cumhachta corparáideach tuilleadh tacaíochta do ghealltanas na cuideachta an cumhachtú leictreachais dá hoibríochtaí uile a chúiteamh le fuinneamh atá 100% in-athnuaite.

"Táimid ar bís le bheith ag obair le BnM ionas go bhféadfaimid cabhrú le dlús a chur faoin infheistíocht ina phíblíne tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus faoin bhforbairt uirthi," arsa Lindsay. "Táimid sásta go mbeimid taobh amuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath freisin, áit a bhfuil srian agus éileamh níos mó ar an eangach, agus áit nach féidir bonneagar mór don ghiniúint fuinnimh a thógáil."







**Fíor 5** (Clé go Deas) John Reilly (Ceann Fuinnimh In-athnuaite BnM), Lindsay McQuade (Stiúrthóir Fuinnimh agus Uisce, EMEA, AWS), Tom Donnellan (Príomhfheidhmeannach BnM), Geoff Meagher (Cathaoirleach BnM) agus Neil Morris (Ceannaire Tíre atá ag imeacht as Éirinn, AWS) ag ócáid inar fógraíodh comhoibriú straitéiseach idir BnM agus AWS.

## An leas is fearr is féidir a bhaint as na naisc leis an eangach

Beidh gnéithe giniúna gaoithe agus gréine ag baint leis an bPáirc Éicifhuinnimh nua, chomh maith le stóráil ceallraí. Measann Lindsay gur dheis iontach í an chomhpháirtíocht chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na naisc leis an eangach trí éileamh a chruthú leis na hionaid sonraí ina mbeidh an ghiniúint cumhachta.

"Is rud iontach é a bheith ag obair le comhpháirtí a thuigeann éiceachóras na bpáirtithe leasmhara áitiúil, a chuid teicneolaíochta féin agus an chaoi le húsáid a bhaint aisti," arsa Lindsay. "Bhí caidreamh iontach againn leis an bhfoireann ag BnM, rud a d'fhág go bhfuil tóir níos mó againn ar fhuinneamh in-athnuaite; tuigeann Bord na Móna ár n-uaillmhian agus tá siad ag lorg deiseanna a bhféadfaimis breathnú orthu amach anseo."

"Tá pleananna móra againn agus is mian linn níos mó a dhéanamh le BnM amach anseo mar chuid dár dtiomantas Gealltanas Aeráide le neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2040."

Tá deis ag an gcomhoibriú straitéiseach idir BnM agus AWS tairbhí eacnamaíocha níos leithne a sholáthar do Lár na Tíre. Cruthófar na céadta post le linn na céime tógála amháin agus bunófar Ciste Tairbhí Pobail suntasach agus ilbhliantúil chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail agus grúpaí áitiúla.

"Cabhróidh an comhoibriú seo le BnM linn leanúint dár n-oibríochtaí a dhícharbónú agus ag an am céanna cruthóidh sé poist agus deiseanna eacnamaíocha agus tacóidh sé le spriocanna aeráide na hÉireann," arsa Lindsay.

"Tá 800MW d'fhuinneamh in-athnuaite ailínithe againn leis an bPáirc Éicifhuinnimh, ach níl ansin ach an tús; is mian linn fiosrú a dhéanamh ar an méid eile atáimid in ann a dhéanamh, cad is féidir linn a chur leis sin agus conas is féidir linn cabhrú le BnM dul níos tapúla chun a uaillmhianta maidir le fuinneamh glan a bhaint amach."

**Lindsay McQuade**
**AWS**



# Méadrach 4
# Bithéagsúlacht

I gcomhréir le Sprioc 15.5 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe (FIB), chun bithéagsúlacht agus gnáthóga nádúrtha a chosaint, is léir tiomantas BnM don bhithéagsúlacht sa chothromaíocht idir bonneagar inbhuanaithe a fhorbairt, iarrachtaí caomhnaithe, agus gnáthóga a fheabhsú nó a athbhunú.

Má dhéantar sheicheamhú agus bainistíocht cheart an ghnímh chothromaíochta seo fud eastát BnM, d’fhéadfadh buntáiste do gach taobh a bheith mar thoradh aige. D’fhéadfaí athchóiriú agus leigheasachán a thosú i gceantair a aithnítear mar cheantair atá oiriúnach do fhuinneamh gaoithe nuair a bhíonn an próisis toilithe thart. Cuireann an straitéis seo trí bhuntáiste ar fáil: fuinneamh in-athnuaite, athchóiriú tailte portaigh agus feabhsú bithéagsúlachta. I gceantair nach bhfuil aon tuirbíní gaoithe beartaithe dóibh, is féidir dul chun cinn a dhéanamh ar na tionscnaimh athchóirithe agus feabhsúcháin mar chuid den phróiseas Scéim Feabhsaithe um Athchóiriú agus Díchoimisiúnú (EDRRS), agus rinneadh amhlaidh, (Méadrach 5).

## Cuireann athshlánú borradh faoi bhogaigh

Is é bunphrionsabal athshlánúcháin tailte móna ná bainistíocht chúramach a dhéanamh ar leibhéil uisce dromchla a chlaochlaíonn limistéir mhóra de thailte tirime móna, ina ina mbogaigh rathúla, agus é mar aidhm acu buntáistí a uasmhéadú don aeráid (trí chur le cumas na dtailte móna níos mó carbóin a stóráil agus don dúlra (trí ghnáthóga nua a chruthú). Is léir gur buntáiste mór d’éin iad na gnáthóg nua nó feabhsaithe seo. Ar phortaigh a athchóiríodh faoin scéim EDRRS amháin, lena n-áirítear limistéir ina bhfuil tuirbíní gaoithe freisin, tá 85 speiceas pórúcháin taifeadta ag BnM le linn na tréimhse 2021 go 2023, agus meastar gur speicis tosaíochta iad 36 díobh ar ábhar imní iad in Éirinn maidir lena gcaomhnú. Is iad na speicis tosaíochta na speicis a mheastar gur ábhar mór imní iad ó thaobh caomhnaithe agus dírítear iarrachtaí caomhnaithe orthu toisc go bhfuil a n-uimhreacha ag dul i laghad nó de bharr bagairtí eile. Is fianaise é an mhéadrach seo gur féidir buntáistí inchainníochtaithe a bheith ag baint le feabhas a chur ar chúrsaí dúlra.

I rannóg na Bithéagsúlachta i mbliana, déantar iniúchadh domhain ar scéal a ghabh samhlaíocht an phobail. Chomh maith leis sin, is siombail foirfe é de na buntáistí a bhaineann le gealltanais athghiniúna bithéagsúlachta, toisc gurb é bunchoincheap an athchóirithe ná bearta a dhéanamh chun a bhfuil caillte roimhe seo a aisghabháil. Léiríonn an chaoi a ndearna an Grús íocónach Eoráiseach (ar a dtugtar an Grús Coiteann freisin) (*Grus grus*), atá liostaithe in Iarscríbhinn I de Threoir Éan 1 an AE, athchóilíniú ar lagphortach atá athfhliuchta ag BnM, éifeachtacht iarrachtaí BnM.



**Fíor 6** Grús Coiteann Fásta agus Óg ag Portach BnM – Grianghraf le James Crombie, Inpho Photography.





## Filleadh an Ghrúis

I gcás orniteolaithe, is minic gurb iad na speicis éan a bhfuil an bhaint is mó acu le tailte fliucha an chéad chomhartha infheicthe go raibh rath ar athfhliuchadh agus athshlánú.

**Má dhéantar athruithe láithreacha nó de réir a chéile ar leibhéil uisce dromchla bainistithe meallann sé sin na speicis sin atá fonnmhar acmhainn nua a shaothrú:**

- le haghaidh beathú, neadú nó
- mar dhídean chun a neart spíonta mhéadú nó
- chun bagairt creiche a sheachaint.

B’fhéidir gurb é an speiceas éan is lú a mbeadh súil ag éineolaithe leis ná ceann nár póraigh in Éirinn le céadta bliain. Is é seo, ar ndóigh, an Grús Eoráiseach nó Coiteann, speiceas íocónach a bhfuil go leor nasc aige le béaloideas ar fud a raoin. Bhí siad le fáil in Éirinn ón réamhstair luath, áit a gcoinnítí iad tráth mar pheataí ard-stádais agus bhí cosaint acu fiú faoi dhlíthe na mBreithiúna. Ar an drochuair, mar gheall ar chailliúint gnáthóige agus b’fhéidir go raibh daoine á bhfiach, is cosúil go ndeachaigh an t-éan seo na dtailte fliucha in éag timpeall dheireadh an 16ú haois.

Ó shin i leith, ní raibh an grús in Éirinn ach mar éan fánach, nuair a d’fhán éin ar imirce anseo ar feadh tamaill, nó nuair a chaith siad an geimhreadh anseo corruair. Tar éis péire pórúcháin féideartha a shainaithint in 2019, tá faireachán leanúnach á dhéanamh ag éaneolaithe BnM ar a eastát agus dhearbhaigh siad gur shíolraigh an péire sin sé bliana as a chéile.

## Fianaise nithiúil ar chomhbhuntáistí

Bhí cúig éan óg ag na ceannródaithe suntasacha seo idir 2022 agus 2024, rud a léiríonn go bhfuil siad ag cur fúthu anseo go fadtéarmach. Le dhá thréimhse pórúcháin dheireanacha, chonacthas an péire neadaithe agus a n-óg ag baint úsáide as tailte lagphortaigh a athchóiríodhi le déanaí chun bia agus foscadh a fháil – rud a thugann an chéad fhianaise dhearfa ar shochair shineirgisteacha ó fheabhsuithe gnáthóige na scéime athshlánúcháin.

Nuair a chruthófar tuilleadh gnáthóga fliucha ar fud réimsí fairsinge gheografacha agus nuair a bhainisteofar na gnáthóga atá ann cheana féin ar bhealach inbhuanaithe tacóidh siad tuilleadh le líon na ngrús pórúcháin.



**Dúirt éaneolaí BnM, Chris Cullen, atá ag déanamh monatóireachta ar na Grúis ó 2022 i leith:**

*“Is orniteolaí mé agus, is iontach an rud é an t-éan íocónach seo a fheiceáil ag filleadh ar na tailte portaigh athfhliuchta. Cuireann sé sceitimíní orm gach uair a fheicim Grús agus is fianaise é ar thréithe iontacha an speicis. Ceann de na príomh-bhuntáistí a bhaineann leis an monatóireacht ar fad atá ar bun againn i BnM ná breathnú ar speicis atá ag filleadh ar áiteanna a bhíodh ina lagphortaigh agus a úsáideadh chun móin a eastóscadh ar bhealach tionsclaíoch. Is cruthúnas é go bhfuil torthaí ag athchóiriú tailte móna, agus tá súil agam go mbainfidh go leor daoine eile taitneamh as an tsiombail seo den fhiántas a fheiceáil agus a chloisteáil amach anseo.”*

**Fíor 7** Chris Cullen (Ceannaire Fhoireann Éiceolaíochta BnM) ag faire Grús Coiteann ar eastát BnM.

# Méadrach 5
# Athshlánú Tailte Portaigh

Le linn na bliana airgeadais seo caite, bhain BnM clocha míle tábhachtacha amach sa Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (EDRRS), i gcomhréir le hailíniú na cuideachta le Sprioc 15.3 um Forbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe *"talamh agus ithir dhíghrádaithe a athchóiriú"*.

Is é cuspóir ginearálta athshlánúcháin talún móna cobhsaíocht chomhshaoil na seanlimistéar táirgthe móna tionsclaíoch a chinntiú. Díríonn athshlánú feabhsaithe ar dhálaí hidreolaíocha oiriúnacha a bharrfheabhsú (leibhéil uisce cobhsaí gar don dromchla) trí dhraenacha réimse táirgthe a bhlocáil, athphróifíliú réimsí móna, bunda ísle a fhoirmiú agus bearta bainistíochta talún fliucha eile.

Athchóiríodh breis agus 20,000 heicteár agus measadh go raibh tionscnaimh athshlánúcháin beagnach críochnaithe ar 40 portach de réir riachtanais mhaoinithe na Scéime faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta AE.

PEATLANDS AND PEOPLE

### Athshlánú a leathnú amach chuig limistéir nua

**I rith na bliana, agus i ndiaidh comhairliúcháin fhorleathan phoiblí, cuireadh tús le bearta athshlánúcháin nua ar 10 bportach ar fud na gcontaetha:**

- Gaillimh: Gabhla
- Roscomáin: Newtown, Loughore, Clonboley, An Curach Rua, Cluain Seannach
- An Longfort: Cill na Sí
- Uíbh Fháilí: Clongowney, Draighneach Thoir, Liath Manacháin

Rinne na tionscnaimh nua seo comhlánú ar obair athslánúcháin atá á dhéanamh ar 12 phortach lena n-áirítear portaigh Clongowney agus Draighnigh) (Co. Uíbh Fháilí áit a bhfuil feirm ghaoithe Dhoire an Locha ag feidhmiú anois.

Déantar raon leathan paraiméadar a thomhas faoin gclár monatóireachta EDRRS lena n-áirítear hidreolaíocht, áit a soláthraíonn piéasaiméadair le logálaithe sonraí i mbreis is 50 portach faoi leibhéil uisce an gheimhridh agus an tsamhraidh, bithéagsúlacht, sreabhadh carbóin, cáilíocht uisce agus rátaí sreafa chomh maith le híomhánna ón aer agus suirbhéanna LiDAR. Ós rud é go bhfuil roinnt blianta caite ó athchóiríodh an chéad sraith portaigh faoin EDRRS, tá torthaí géarchúiseacha agus suimiúla ag teacht ón monatóireacht sin anois.





**Clé go Deas: Fíor 8** Portach an Chaisleáin Ghearr, Contae na Gaillimhe le linn athshlánaithe faoin scéim EDRRS i mí Aibreáin 2021. **Fíor9** Portach an Chaisleáin Ghearr, Contae na Gaillimhe tar éis athshlánaithe faoin scéim EDRRS i mí Iúil 2024.





Tá iarrachtaí athshlánúcháin phortach BnM níos leithne ná EDRRS. Is é BnM an comhpháirtí comhordaithe i dTionscadal Comhtháite LIFE an AE um Thailte Móna & Daoine, lena n-áirítear colún a dhíríonn ar athshlánú tailte móna. Laistigh de Thionscadal Comhtháite LIFE an AE, agus i gcomhar le clár oibre EDRSS, tá BnM ag cur caonach Sfagnaim ar thalamh portaigh atá athfhliuchaithe anois ach a úsáideadh roimhe seo chun móin a eastóscadh ar scála tionsclaíoch. Is é an príomhchuspóir na hoibre ná coilíniú go leor speiceas caonach Sfagnaim a bhrostú ar phortaigh loma móna. Le himeacht ama, tacóidh sé sin le hathbhunú na ndálaí sin ina bhfoirmítear móin agus sa deireadh thiar déanfaidh sé sloic charbóin a dhéanamh de na tailte portaigh sin. Cuireadh tús le caonach Sfagnaim a phlandáil ar phortach ardaithe athfhliuchtha i mí na Samhna 2022 nuair a cuireadh 100,000 crobhaing tosaigh de Sfagnam. Tá cloch mhíle bainte amach ag Tailte Portaigh agus Daoine LIFE IP ó shin i leith, nuair a cuireadh milliún crobhaing ar mhóin dhomhain iarmharach faoi dheireadh 2024.

### An t-athrú aeráide a mhaolú

Tá portaigh ardaithe ar na héiceachórais bheo agus beagnach nádúrtha is sine ar domhan agus tráth chlúdaigh siad beagnach milliún acra talún in Éirinn. Sa lá atá inniu ann, tá ról tábhachtach ag Portaigh Ardaithe maidir le athrú aeráide a mhaolú trí gháis cheaptha teasa a ghabháil ón aer agus a stóráil. Cuidíonn siad freisin le huisce a scagadh, tuilte a laghdú, agus cruthaíonn siad limistéir atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de. Faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga (TREOIR ÓN gCOMHAIRLE 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992) meastar gur gnáthóg tosaíochta iad Portaigh Ardaithe Gníomhacha (Is iad sainairíonna na bportach sin go minic maoschlár ard, carnadh gníomhach móna agus go minic is é caonach Sfagnam an speiceas ceannasach).

Tá freagracht ar leith ar Éirinn as gnáthóga portaigh ardaithe a chosaint mar go bhfuil cuid shuntasach de na hiarsmaí beaga portaigh ardaithe atá fágtha san Eoraip le fáil anseo: Tá 139 portach ardaithe ainmnithe lena gcosaint i 53 Limistéar Caomhantais Speisialta (SACanna) de Phortaigh Ardaithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga, agus i 75 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) faoin Acht Fiadhúlra (Leasú), 2000.

WILD ATLANTIC NATURE LIFE



**Fíor 10** Lucy Geraty agus Eimear Kelly ó Deloitte ag cur sfagnaim ar Phortach Chill Ráine, Contae Uíbh Fhailí (féach freisin Comhpháirtíochtaí agus Rannpháirtíocht Pobail Mhéadrach 8)

# Méadrach 5
# Athshlánú Tailte Portaigh
## ar lean

### Foireann Soláthair Ildisciplíneach

Tá BnM gníomhach in athchóiriú portaigh ar ár dtailte ó na 1990idí i leith. Sa bhliain 2012, thug sé a chéad tacaíocht theicniúil do Stát na hÉireann trí sheirbhísí gairmiúla faoi athchóiriú Portach Ardaithe a thabhairt don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. 5 bliana ina dhiaidh sin, cruthaíodh foireann seachadta ildisciplíneach lán-tiomanta don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le bheith i gceannas ar sholáthar na seirbhísí sin i Limistéir Chaomhnaithe Speisialta agus i Limistéir Náisiúnta Portaigh Ardaithe, rud a ligeann do BnM ról lárnach a imirt i gcur chun cinn cuspóirí caomhnaithe náisiúnta na hÉireann.

**Tá saineolas inmheánach ag an bhfoireann sin i:**

- mbainistíocht tionscadal,
- éiceolaíocht,
- innealtóireacht,
- hidreolaíocht
- scileanna maidir le Córas Faisnéise Geografaí (GIS) agus sonraí,
- suirbhéireacht a bhainistiú, agus
- conas imscrúduithe faoi úinéireacht talún a dhéanamh.

Go dtí seo, tá thart ar 4,300 heicteár de phortach ardaithe athchóirithe faoi chonradh BnM–NPWS, agus tá thart ar 1300 heicteár athchóirithe déanta orthu le bliain anuas amháin.

Neartaíodh ár dtacaíocht don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra in 2020 nuair a ceapadh Oifigeach Idirchaidrimh Pobail ar an bhfoireann. Tá an fhoireann méadaithe go seachtar fostaí lánaimseartha anois agus rinne siad éascú ar bheagnach 10,000 idirghníomhaíocht le páirtithe leasmhara ar fud 26 portach trí chruinnithe duine le duine, comhairliúcháin teileafóin, agus clinicí áitiúla buail isteach. Cinntíonn an obair seo go gcloistear guthanna an phobail agus úinéirí talún agus go ndéantar iad a chomhtháthú sa phróiseas athchóirithe.

### Dul i gcomhpháirt chun talamh portaigh a athchóiriú

Tá BnM páirteach freisin i gClár Talamh Móna de Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte – atá maoinithe trí Chiste an Oileáin Chomhroinnte. Is comhpháirtíocht idir na Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) (trí LIFE IP Wild Atlantic Nature (WAN)), Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) agus NatureScot, thar ceann Chomhpháirtíocht Peatland ACTION, é Clár Móna Tionscnaimh an Oileáin Chomhroinnte (SIIPP), chun tailte móna a athchóiriú ar fud na dtrí dhlínse seo. Chomh maith le tailte móna a athchóiriú, is iad cuspóirí an chláir acmhainn a thógáil le haghaidh bainistíocht fhadtéarmach tailte móna, taighde agus monatóireacht a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní sochchultúrtha agus tacú le hobair chomhchoiteann chun spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an gclár um athchóiriú na bportach trasteorann laghdú 6,000 tonna a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin in aghaidh na bliana agus 4,000 heicteár de bhratphortaigh a athchóiriú i suíomhanna faoi chosaint agus in aice leo, ar fud Éireann, Thuaisceart Éireann agus na hAlban. Tar éis próiseas tairisceana oscailte in 2024, tá BnM páirteach anois i gcomhordú foriomlán an SIIPP agus forbairt phleananna mionsonraithe *ó Fhoraois go Portach*.

**Mar a deir Oliver McGlinchey, Bainisteoir Tionscadail BnM um athchóiriú na bPortach Ardaithe:**

"Eispéireas an-tairbheach is ea a bheith ag obair mar Bhainisteoir Tionscadail ar chonradh leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra." Bímid páirteach i saolré iomlán an tionscadail ó na céimeanna is luaithe de phleanáil athchóirithe go dtí cúrsaí comhairliúchán, dearadh, soláthar, tógáil, agus monatóireacht iar-athchóirithe.

Is mór an sásamh é na feabhsuithe i hidreolaíocht agus éiceolaíocht phortaigh a fheiceáil, feabhsuithe is féidir a bhaint amach le foireann gairmithe an-oilte agus paiseanta a chintíonn sármhaitheas i ngach gné den obair seo."



**Fíor 11** Oliver McGlinchey (Bainisteoir Tionscadal BnM)











**Clé go Deas:**
**Fíor 12** Ealaín agus athshlánú ag Portach na Naomh, Contae Uíbh Fhailí. **Fíor 13 & 14** Seirbhísí athshlánaithe portaigh á soláthar ag BnM do thríú páirtithe ag Portach Dhroim an Locha, Contae Ros Comáin (fíor 13) agus ag Portach Choill na Croise, Contae na hIarmhí (fíor 14)

# Líonra Conairí i Lár na Tíre

Tá deiseanna nua áineasa agus turasóireachta á gcruthú i Lár na Tíre trí chonairí rothaíochta agus siúil a dhéanamh den líonra iarnróid chaoil ar fud ghabháltas BnM.

**I mí an Mheithimh 2024, d'fhógair Fáilte Éireann gur ceadaíodh an chéad bhabhta de dheontais infheistíochta do thionscadail faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, atá á mbronnadh mar chuid dá Scéim um Thurasóireacht Athghiniúna agus Comhfhorbairt Áite 2023-2026, arna chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach.**

Bainfidh BnM tairbhe as an ngné den scéim dar teideal Forbairt Conairí, agus bronnadh €3.6 milliún air chun suas le 79 gciliméadar de chonairí nua siúil agus rothaíochta a phleanáil, ar chodanna oiriúnacha den chúlsoláthar talún sa Longfort, i Ros Comáin, san Iarmhí, in Uíbh Fhailí agus i dTiobraid Árann.

Tá maoirseacht á déanamh ag Lisa Kealey, Bainisteoir Áineasa ag BnM, ar an méid atá BnM ag cur leis an Líonra Conairí nua i Lár na Tíre, in éineacht le comhpháirtithe i bhFáilte Éireann agus in údaráis áitiúla ábhartha.

"An aidhm atá leis ná ceann scríbe tarraingteach do ghníomhaíochtaí áineasa agus do ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer a dhéanamh de Lár na Tíre," arsa Lisa, "chomh maith le tacú le poist nua a chruthú i seirbhísí coimhdeacha agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bheidh chun tairbhe na bpobal áitiúil sna bailte agus sráidbhailte in aice láimhe."

Tá cúlra san innealtóireacht shibhialta ag Lisa agus thosaigh sí ag obair in BnM 27 mbliana ó shin mar innealtóir iarchéime. An tráth sin, bhí baint aici le hiarnróid a thógáil chun tacú le baint móna agus í a iompar chuig stáisiúin chumhachta.

Anois, tá sí ag bainistiú an athrú cuspóra ar na hiarnróid chaola chéanna ar fud ghabháltas fairsing BnM chun líonra conairí siúil agus rothaíochta a chruthú a mbeidh rochtain ag gach duine orthu agus a nascfaidh na conairí atá ann cheana féin agus a chuirfidh breis conairí leo, mar shampla an líonra Glasbhealaí artaireacha agus moil turasóireachta eile sna limistéir sin.

"Tá eastát BnM thar a bheith uathúil sa chaoi is go gcuireann na hiarnróid naisc ar fáil idir chodanna móra de, agus leis an mbonneagar gaolmhar amhail crosairí comhréidh agus droichid," arsa Lisa. "An rud fíor-luachmhar faoi ná gur féidir linn nasc idir phobail a chruthú, mar gheall ar shuíomh thailte BnM, agus is é sin éiteas an tionscadal Líonra Conairí Lár na Tíre," arsa Lisa.

Tá comhpháirtíocht straitéise le Fáilte Éireann déanta ag BnM chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche. "Is saineolaithe na forbartha conairí iad, ó thaobh na turasóireachta de," arsa Lisa. "An buntáiste a bhaineann le bheith ag obair leo ná go bhfuilimid ag foghlaim faoin gcaoi le heispéireas an chuairteora a bharrfheabhsú; le comharthaíocht agus pointí scíthe ar feadh na gconairí, mar shampla, chomh maith le páirceáil chaoithiúil do charranna, pointí eolais, seastáin rothar agus saoráidí leithris ag gach bealach isteach chuig na Conairí."

Tógfar na conairí uile chuig sonraíocht a fhágann go mbeidh rochtain ag gach duine orthu. Tá cistiú €30 milliún ar fáil do BnM chun na conairí nua a thógáil.

Tá daoine thar a bheith dearfach faoi na pleananna do na conairí nua, ós rud é go bhfuil daoine ag iarraidh go mbeidh spásanna áineasa agus taitneamhachtaí gar dóibh," arsa Lisa.

## Deiseanna infheistíochta do ghnólachtaí turasóireachta

Tá €38 milliún breise ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta poiblí, príobháideacha nó pobalbhunaithe chun seirbhísí agus eispéiris nua a fhorbairt ag príomh-láithreacha ar feadh na gconairí, mar shampla rothair ar cíos, spóirt uisce, turais threoraithe, bia agus lóistín. Cabhróidh sé sin le poist agus fiontar a chruthú i Lár na Tíre, agus leis na geilleagair áitiúla a fheabhsú agus a chothabháil amach sa todhchaí.

Sheol BnM sé iarratas pleanála chuig cúig údarás áitiúil mar chuid den phróiseas pleanála.

"Tá dul chun cinn ollmhór déanta a bhuí leis na foirne agus an saineolas atá againn ar fud BnM, agus leis na comhpháirtithe a bhfuilimid ag obair leo. Táimid go léir an-tiomanta don tionscadal seo a chur i gcrích laistigh den sprioc, deireadh 2026," arsa Lisa.

Nuashonrú Inbhuanaitheachta BnM 2025



**Fíor 15** Ceanglaíonn conair choillteach an charrchlós inrochtana leis an gcosán lárnach ag Glasbhealach Bhaile Feorainne i gContae Ros Comáin.

## Daoine a nascadh leis an dúlra i Lár na Tíre

Tá an Líonra Conairí nua i Lár na Tíre mar chuid de ghluaiseacht níos mó ar fud BnM chun sean-tailte móna a aistriú ina spásanna áineasa nuair is cuí, amhail an 50 ciliméadar de chonairí ag Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí a bhainistíonn Lisa freisin, chomh maith le hiarrachtaí éiceolaíochta chun tailte móna a athchóiriú agus a athshlánú chun gnáthóga nádúrtha a chruthú agus chun tacú leis an mbithéagsúlacht.

Tá spásanna áineasa á gcruthú thart ar fheirmeacha gaoithe BnM freisin, nuair atá sin oiriúnach, mar shampla Feirm Gaoithe Dhroim Cáithe, ina reáchtáiltear Rith Páirce a mbíonn an-tóir air.

Nuair a bheidh an Líonra Conairí i Lár na Tíre tugtha chun críche, beidh cuairteoirí in ann aithne a chur ar mhéid ollmhór de Lár na Tíre, a bhuí le scála agus na gConairí agus an chaoi a bhfuil siad nasctha le chéile, agus an-sult a bhaint as an dúlra agus áilleacht thírdhreach na dtailte móna.

"In éineacht lenár gcomhghleacaithe Fáilte Éireann agus na húdaráis áitiúla go léir, tá claochlú á chur againn ar an réigiún anseo ó thaobh na háineasa faoin aer de, agus is claochlú é a mheallfaidh deiseanna turasóireachta agus tuilleadh post freisin," arsa Lisa.

"Mar gheall ar scála na gconairí agus an chaoi a bhfuil siad nasctha le Glasbhealaí eile, spreagfar daoine cúpla lá nó seachtain a chaitheamh ag cur aithne ar Lár na Tíre; d'fhéadfá léim ar do rothar díreach taobh amuigh de Bhaile Átha Luain agus an Tulach Mhór a bhaint amach gan na bóithre a úsáid, mar shampla, fad a bhainfeá sult as na seirbhísí agus taitneamhachtaí a bheidh lonnaithe ar feadh an bhealaigh."

Is rud é seo a chuireann tús a gairme i gcuimhne do Lisa, a thosaigh amach in BnM ag obair ar na hiarnróid atá á n-aistriú ina gconairí anois. "Is rud iontach é féachaint ar chuspóir úr a bheith á thabhairt do rud a thóg tú agus úsáid a bheith á baint as chun tairbhe na bpobal áitiúil agus réigiún uile Lár na Tíre."

**Lisa Kealey**
**Bainisteoir Caitheamh Aimsire**



# Méadrach 6
# Athchúrsáil

*Tá gnó athchúrsála Bhord na Móna fós ar cheann de na soláthróirí seirbhísí dramhaíola is mó ar fud na tíre in Éirinn.*

Mar chuidiú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach, féachann Athchúrsáil Bhord na Móna le luach a fháil as táirgí diúscartha agus cur lena saolré trí réitigh bhainistithe dramhaíola éagsúla agus nuálacha.

Díríonn an chuideachta seo go speisialta ar gach gné de bhainistiú dramhaíola neamhghuaisí. Bailíonn sí dramhaíl ó chustaiméirí baile, tráchtála, tionsclaíocha, agus tógála & scartála agus ndéanann sí í a chóireáil agus a athchúrsáil, chomh maith leis an méid atá le diúscairt a íoslaghdú.

I gcomhréir le feidhmíocht san am atá caite, rinne Athchúrsáil Bhord na Móna tuairim is 90% den dramhaíl go léir a atreorú ó líonadh talún sa tréimhse tuairiscithe seo, agus choinnigh ráta aisghabhála láidir ar bun d'ainneoin tabhairt isteach na Scéime Taisce agus Fillte in 2024.

Tá oibríochtaí Athchúrsáil Bhord na Móna ailínithe go dlúth le gealltanas na cuideachta maidir le SFI 12 – Tomhaltas agus Táirgíocht Fhreagrach, agus go háirithe le Sprioc 12.5, a dhíríonn ar laghdú mór i nginiúint dramhaíola a chinntiú.

In 2024, bhailigh Ciste Pobail Athchúrsáil Bhord na Móna os cionn €120,000 do charthanais náisiúnta agus d'eagraíochtaí áitiúla, mar thoradh ar thacaíocht ár gcustaiméirí dílse agus nua. Is cúis bhróid d'Athchúrsáil Bhord na Móna a bheith ina comhpháirtí oifigiúil le Barretstown. Bhronn sí €70,000 ar an gcarthanacht in 2024 agus thug sí tacaíocht ag an ócáid tiomsaithe airgid, Barretstown's Big Picnic, agus ag na Laethanta d'Oibrithe Deonacha, Helping Hands.

Tá Athchúrsáil Bhord na Móna mórtasach as dul níos faide ná bainistiú dramhaíola trí oideachas a chur ar an aos óg i seomraí ranga, áit a dtugann sí cuir i láthair éifeachtacha. Cothaíonn ár bhfoireann ionadaithe freagracht agus feasacht chomhshaoil trí shraitheanna cluichí agus fíorais oideachasúla. Bronntar pacaí faisnéise chun tacú leis an bhfoghlaim agus léiríonn iarratais na scoláirí inár gcomórtais uaschúrsála go bhfuil an fhoghlaim imithe i bhfeidhm orthu.

Bhí áthas ar Athchúrsáil Bhord na Móna dhá ghradam a bhuachan le bliain anuas as ár n-iarrachtaí san oideachas inbhuanaitheachta agus comhshaoil. Bhuaigh ár gComórtas Uaschúrsála na mBunscoileanna an gradam do Chláir Phobail ag Gradaim um Thionchar Inbhuanaithe Gnó de chuid Chambers Ireland agus Gradam ICCLA do Thionscadal Glasaithe na Bliana ag na Gradaim um Cheannaireacht san Athrú Aeráide in Éirinn.

### Comórtas Uaschúrsála na mBunscoileanna

Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh ar gheilleagar ciorclach trí plé leis an gcéad ghlúin eile agus oideachas a chur orthu i leith cleachtais dramhaíola freagracha.

Tá ag éirí go maith le Comórtas Uaschúrsála na mBunscoileanna ó seoladh é in 2023, agus chuaigh sé ó neart go neart in 2024 nuair a rinneadh na céadta iarratas spreagúil, cruthaitheach agus spéisiúil ó gach cearn den tír. Spreagadh na scoláirí chun cuspóir úr a thabhairt d'ábhair a bhí caite amach agus saothar nuálach agus feidhmiúil a chruthú astu.

Scoil Náisiúnta na nDún an buaiteoir foriomlán i mbliana. Ba iad 'trampailíní eitilte' de thoradh Stoirm Éowyn a spreag na scoláirí. Léirigh siad prionsabail na neamhthuilleamaíochta agus an gheilleagair chiorclaigh nuair a thug siad cuspóir úr do thrampailín mar chró cearc feidhmiúil dá scoil. Léirigh na scoláirí na deiseanna gan teorainn atá ag an uaschúrsáil trí úsáid a bhaint as ábhar dramhaíola chun cró cearc a thógáil. Cheiliúir na scoláirí a n-éacht agus an duais €3000 a bronnadh ar an scoil le turas treoraithe ar Fheirm Ghaoithe Dhoirín an Locha de chuid BnM agus i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí i gcomhair lá spraoi agus oideachais.

Bronnadh duaiseanna tánaisteacha €1000 an ceann ar Scoil Padraic Naofa, Gaillimh agus ar Bhunscoil Naomh Mhuire, Tiobraid Árann.

### Dúshlán na Meánscoileanna

Ós rud é gur éirigh chomh maith sin le Comórtas Uaschúrsála na mBunscoileanna, sheol Athchúrsáil Bhord na Móna an chéad Dúshlán na Meánscoileanna le linn na bliana tuairiscithe seo. Mar léiriú ar ghealltanas Bhord na Móna do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, iarraidh ar na scoláirí aghaidh a thabhairt ar cheann amháin de na Spriocanna ar a laghad, trí ábhair a bhí caite amach a uaschúrsáil.

Pobalscoil Chorca Duibhne, Ciarraí, a bhuaigh an dúshlán lena dtáirgí nuálacha glantacháin, 'Glan Go Glas'. Tugann siad aghaidh ar Spriocanna SFI #12, #13, agus #15 trí raon táirgí nádúrtha a chruthú as dramhbhia. Tá na táirgí 100% sábháilte do dhaoine a mbíonn ailléirgí orthu, saor ó chomhdhúile orgánacha so-ghalaithe a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, agus saor ó cheimiceáin eile a fhaightear i dtáirgí traidisiúnta glantacháin. Bhuaigh an fhoireann dearbhán dar luach €500 dóibh féin agus €2000 dá scoil.

Pobalscoil Mhóta, an Iarmhí, a tháinig sa dara háit lena gúna dar teideal 'Pay aTENTion'. Lucht na bhféilte a fhágann a gcuid puball ina ndiaidh agus géarchéim na heaspa dídine an spreagadh don téama 'Pay aTENTion', a thug ar na scoláirí gúna a dhearadh agus a chruthú as pubaill a bhí caite i leataobh. Bhí an tionscadal seo ag teacht go mór leis an uaillmhian 'Deireadh Le Bochtaineacht' i SFI #1.

Coláiste Thulach Mhór, Uíbh Fhailí, a tháinig sa tríú háit lena dtionscadal dar teideal 'Grass Sheets' lenar cruthaíodh púitsí do shíolta bláthanna fiáine déanta as páipéar inbhuanaithe agus úsáid á baint as féar, uisce agus ocra. Dhírigh an tionscadal seo ar spriocanna SFI #12 agus #13.

Cúis bhróid d'Athchúrsáil Bhord na Móna é tacú leis na scoláirí agus scoileanna go léir a ghlac páirt sa dá dhúshlán, agus dul i mbun plé leo.






**Clé go Deas:**
**Fíor 16** An cluiche 'Tomhais an Araid' á reáchtáil ag Athchúrsáil Bhord na Móna ag an bPicnic Mhór ag comóradh 30 bliain Barretstown. **Fíor 17** An Gradam Cláir Phobail do chuideachta dhúchasach mhór á bhronnadh ar Shane Mackey (Bainisteoir Margaíochta Branda, Athchúrsáil Bhord na Móna) agus Lauralouise Reay (Iarchéimí Margaíochta) ag Gradaim um Thionchar Inbhuanaithe Gnó de chuid Chambers Ireland 2024.








**Clé go Deas: Fíor 18** Dalta ó Scoil Náisiúnta na nDún, Contae na hIarmhí, ag breathnú le hiontas ar thuirbín gaoithe ag Feirm Ghaoithe Dhroim Cáithe, Conae Uíbh Fhailí. **Fíor 19** An táirge nádúrtha glantacháin Glan Go Glas a chruthaigh Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Contae Chiarraí. **Fíor 20** An gúna 'Pay aTENTion' a dhear Pobalscoil Mhóta, Contae na hIarmhí.

# Athchúrsáil Bhord na Móna

Tá Athchúrsáil Bhord na Móna ag cabhrú le gnó teaghlaigh stairiúil i mBealach Conglais chun dramhaíl a scaradh ar bhealach níos éifeachtúla agus a rátaí athchúrsála a mhéadú.

**Tá Quinns Bhealach Conglais ag freastal ar fheirmeoirí leis na deicheanna de bhlianta lena ngnó miondíola, bia ainmhithe agus próiseáil gráinní.**

Bhunaigh William (Bill) Quinn an gnó i mBealach Conglais in 1936 agus tá os cionn 200 duine fostaithe ag an ngnó teaghlaigh tríú glúin seo anois. Tá sé shiopa ábhar talmhaíochta ar fud Chúige Laighean acu, chomh maith le muileann bia ainmhithe i mBealach Conglais agus saoráid próiseála gráinní i mBaile Ló, Co. Chill Dara.

Tá forbairt déanta ar an ngnó i gcaitheamh na mblianta chun ábhair agus seirbhísí nua a chur san áireamh chun feirmeoireacht níos inbhuanaithe a éascú, agus foireann comhairleoirí talmhaíochta teicniúla le taithí acu chun cabhrú le feirmeoirí.

Dar le Craig Doyle, Bainisteoir Oibríochtaí agus Tionscadal ag Quinns, is é an toradh láithreach atá ag cleachtais níos fearr a leabú i mbainistiú dramhaíola, chomh maith le tionscnaimh inbhuanaitheachta eile a úsáid, athchúrsáil fuíolluisce agus suiteáil grianphainéal, mar shampla, ná go bhfeidhmíonn an gnó ar bhealach níos éifeachtúla agus go laghdaítear an lorg carbóin.

“Bháin ár ngnó torthaí láithreacha amach trí dhul i gcomhpháirtíocht le hAthchúrsáil Bhord na Móna chun cleachtais bainistithe dramhaíola níos fearr a chur i bhfeidhm. Laistigh den chéad bhliain, rinneamar laghdú ollmhór ar dhramhaíl agus chuireamar méadú mór ar rátaí ,” arsa Craig.

Cruthaíonn Quinns roinnt sruthanna dramhaíola éagsúla ar fud a n-oibríochtaí, lena n-áirítear dramhaíl ghinearálta, plaisteach, miotal ó innealra a dheisiú, chomh maith le hábhar orgánach amhail síolta nó bia ainmhithe nach mór a chaitheamh amach ar chúiseanna cáilíochta, nó ábhar a fhaightear nuair a ghlantar an clós agus an t-innealra.

## Bainistiú dramhaíola a dhéanamh níos éasca

Deir Craig go raibh sé níos éasca d’fhoireann Quinns dramhaíl a bhainistiú tar éis dul i gcomhpháirtíocht le hAthchúrsáil Bhord na Móna, ós rud é gur sholáthair an chuideachta scipí agus araidí ar leithligh i gcomhair dhramhaíl ghinearálta, plaisteach, cairtchlár, pailléid bhriste, miotal agus múirín. Tugadh araidí nua isteach chun cairtchlár agus plaisteach a úsáidtear le haghaidh burláil a scaradh óna chéile; bhíodh siad sin caite amach le chéile roimhe seo.

Chabhraigh Athchúrsáil Bhord na Móna leis an bhfoireann ag Quinns le comharthaíocht agus le hoiliúint a chur ar an bhfoireann faoin ábhar a théann i ngach araid. “Rinne sé sin difríocht ollmhór chun cabhrú linn laghdú a chur ar an méid a théann chuig líonadh talún, méadú a chur ar rátaí athchúrsála agus múiríniú fuíollábhair a thabhairt isteach, rud nach raibh againn roimhe seo,” arsa Craig.



**Fíor 21** Clós muilinn ag Quinns of Baltinglass





Is athrú dearfach ollmhór iad na haraidí agus scipí múirínithe don fhuíollábhar orgánach. Roimhe seo, cuireadh dramh-shíolta nó dramh-ghráinní ón gclós nó ó innealra isteach san araid dramhaíola ginearálta, agus chuir sé sin meáchan breise léi.

Trí oibriú go dlúth le hAthchúrsáil Bhord na Móna chun dramhaíl a laghdú, fuair Craig amach gur féidir na rollaí páipéir ghoirm a úsáidtear sa cheaintín a mhúiríniú. Cuireadh é isteach san araid dramhaíola ginearálta roimhe seo agus bhíodh na haraidí sin á líonadh go han-tapa. Tá araid do na rollaí páipéir ghoirm i ngach ceaintín anois agus tá feabhas curtha ar chostais an ghnó cheana féin leis an athrú sin.

Measann Craig go bhfuil Athchúrsáil Bhord na Móna réamhghníomhach faoin méid bailiúchán a dhéantar ag láithreáin trí chumarsáid a dhéanamh le tiománaithe lena fháil amach an bhfuil na haraidí lán sula n-ardaítear iad. Anuas air sin, tá tionscnamh ar bun ag Quinns lena n-iarrtar ar an bhfoireann na haraidí a líonadh ar bhealach níos éifeachtúlaí, ó chlé go deas, ionas go mbeidh sé níos éasca do na daoine a bhailíonn na haraidí na cinn is gá a ardú a shainaithint.

“Má chuireann tú oideachas ar d’fhoireann agus má mhéadaíonn tú feasacht na foirne maidir le bainistiú inbhuanaithe dramhaíola, bíonn sé i bhfad níos éasca athruithe móra a dhéanamh sa chuideachta, ” arsa Craig.

“Is rud an-áisiúil freisin í an tuairisc mhíosúil a fhaighimid ó Athchúrsáil Bhord na Móna lena fháil amach cén cineál dramhaíola a ghinimid, conas atáimid á laghdú, na treochtaí séasúracha a fheiceáil, agus maidir le cruthúnas ar na feabhsúcháin ar inbhuanaitheacht atá á ndéanamh againn, tá sé i bhfad níos éasca an fhaisnéis sin a fheiceáil i bhfigiúirí agus i ngraif,” arsa Craig.

## Bainistiú dramhaíola níos fearr

Is léir na torthaí – ó chuaigh Quinns i gcomhpháirtíocht le hAthchúrsáil Bhord na Móna, tá méadú beagnach 48% curtha acu ar athchúrsáil chairtchlár burláilte go dtí araidí a ainmnítear i gcomhair burláil. Tá laghdú 24% curtha ag an gcuideachta ar dhramhaíl ghinearálta in araidí rothaí, méid is ionann agus 3.7 tona.

“Is comhpháirtíocht i ndáiríre idir muid féin agus Athchúrsáil Bhord na Móna é an bainistiú dramhaíola” arsa Craig. “Caithfidh tú an fhaisnéis agus an cúnamh a fháil ó do sholáthróir agus bhí siad thar a bheith cabhrach ón tús.”

“Is próiseas éasca é, má tá arduithe breise araidí ag teastáil uainn. Tugann siad freagra ar aon fhadhbanna a bhíonn againn i gcónaí agus tá siad ar fheabhas ó thaobh an oideachais de, agus ag cabhrú linn feasacht ár bhfoirne a mhúscailt.”

I gcás Quinns, baineann dea-bhainistiú dramhaíola leis na haraidí cearta agus an chomharthaíocht cheart a bheith ar an láthair, chomh maith le hoideachas a chur ar an bhfoireann maidir le dea-chleachtas um bainistiú dramhaíola, agus a n-iarrachtaí a chúiteamh le rudaí deasa breise sa cheaintín.

“Tá sé fíor-thábhachtach an fhoireann a thabhairt linn sa tionscnamh seo,” arsa Craig. “Bímid ag scaradh dramhaíola agus ag déanamh athchúrsáil sa bhaile, ach conas a thugaimid ar dhaoine an rud céanna a dhéanamh ag an obair? An cur chuige is fearr dúinne ná oideachas a chur ar an bhfoireann faoi cad is dramhaíl ghinearálta agus cad is féidir a athchúrsáil agus a n-iarrachtaí a chúiteamh.”

Maidir leis an todhchaí, tá Quinns ag lorg bealaí chun leanúint ar aghaidh ag laghdú na dramhaíola sa ghnó. Tá scrúdú á dhéanamh ag an gcuideachta faoi láthair ar chleachtais nua bainistithe dramhaíola, amhail dlúthóir a shuiteáil ar an láthair agus coire bithmhaise chun pailléid bhriste a athchúrsáil agus iad a úsáid mar bhreosla.

“Bíonn níos mó le déanamh i gcónaí agus is rud tábhachtach é coinneáil ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag gnólachtaí eile, agus muid féin a cheistiú i gcónaí faoi conas is féidir linn cleachtais oiriúnacha a chomhtháthú chun dramhaíl a laghdú.”

**Craig Doyle**
**Quinns Bhealach Conglais**



# Méadrach 7
# Folláine Fostaithe

5 GENDER EQUALITY
8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH

Tá BnM tiomanta do thimpeallacht a chruthú inar féidir lenár bhfostaithe mothú go bhfuil luach againn orthu agus bheith faoi bhláth. Déanann an comhlacht iarracht chun cultúr measa, cothroime agus deiseanna a bhunú agus a chothabháil, rud a chruthaíonn an dearcadh nuálach atá riachtanach chun todhchaí inbhuanaithe na hÉireann a chur chun cinn.

Is í seo an fhís atá ag an bhfoireann Cheannaireachta Shinsearach. Seo a deir Sharon Doyle, Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Cumarsáide: *"Is mian linn go mbeidh ár bhfostaithe an-bhródúil as a bheith ag obair d'fhostóir atá tiomanta do bheith ina cheannaire maidir le cuimsiú agus comhionannas san ionad oibre, agus a chuireann timpeallacht oibre thacúil agus shláintiúil chun cinn agus a chothaíonn í."*

Rinneadh ball de Chairt Éagsúlachta na hÉireann de BnM i 2022 agus tá athchreidiúnú rathúil faighte aige le Gradam Airgid Ionad Éagsúlachta na hÉireann go leanúnach ó shin i leith, agus tá muid ag streachailt chun an Gradam Óir a fháil. Tá aitheantas á thabhairt dár n-iarrachtaí maidir le folláine san ionad oibre freisin le creidiúnú KeepWell Ibec.

### Cothromaíocht Inscne

Is cúis bhróid do BnM é ár ngealltanas maidir le cothromaíocht inscne. Tá straitéis agus méadracht na cuideachta maidir le CÉ&I ag teacht go mór le SFI 5 na NA "*comhionannas inscne a chur chun cinn*" trí mhná a chumhachtú agus pá comhionann, deiseanna ceannaireachta agus áit oibre atá sábháilte agus uilechuimsitheach a chinntiú. Sa tuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní14, luaitear bearna phá in aghaidh na huaire idir na hinscní de -11.25%, i.e. tuilleann mná níos mó na fir, ar an meán.

Ar leibhéal an Bhoird, agus i gcomhréir le Sprioc 5.5 "*...comhdheiseanna maidir le ceannaireacht*", bhain BnM an ionadaíocht seo a leanas amach in 2024: 60% mná agus 40% fir. Ar an gcaoi chéanna, coinníonn ár bhFoireann Bainistíochta Sinsearach cothromaíocht inscne láidir, lena n-áirítear ceapachán an chéad POF baineann sa chuideachta, i rith na bliana.

Léiríonn na figiúirí sin na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta ag BnM le blianta beaga anuas chun a fhórsa saothair a éagsúlú ó cheann a bhí comhdhéanta d'fhir go príomha.

Investors in Diversity
SILVER




**Fíor 22** An lucht freastail ag ócáid BnM, Mná san Fhuinneamh, ag Feirm Ghaoithe Dhoirín an Locha, Contae Uíbh Fhailí.





### Mná a Chumhachtú

Aithnítear go bhfuil dúshláin ann a bhaineann le míchothromaíocht inscne i gcoitinne i ngairmeacha Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) agus go háirithe ionadaíocht na mban san earnáil Fuinnimh. Tá BnM tiomanta do chomhdheiseanna a chruthú do mhná i gcúrsaí STEM trí roinnt tionscnamh a thabhairt isteach a bhfuil sé d'fheidhm acu mná a chumhachtú chun go mbeidh rath orthu sna réimsí sin. Mar shampla, eagraíodh an ócáid Mná sa bhFuinneamh d'fhostaithe ban na cuideachta atá ag obair ar thionscadail Fuinnimh In-athnuaite. Bhí an lá tiomnaithe do inspioráid, cumhachtú agus fás gairmiúil a chothú i measc na mban san earnáil fuinnimh. Táthar ag súil go gcruthóidh imeachtaí mar seo timpeallacht níos cuimsithí agus níos tarraingtí a spreagfaidh níos mó ban oibriú san earnáil fuinnimh.

Is é an tairbhe leanúnach a bhaineann le clár meantóireachta ban BnM, *Positive Impact*, ná go gcothaítear sraith ceannairí ban agus go soláthraítear deiseanna forbartha struchtúrtha. Tugann Lorna Devenney, Príomhoifigeach Airgeadais BnM, faoi deara gur *"gné riachtanach é infhaighteacht eiseamláirí láidre le go n-éireoidh le tionscnaimh meantóireachta den sórt sin"* agus pléann sí an topaic seo tuilleadh ar leathanach 28.

### Sláinte na mBan

I mí na Samhna, rinne BnM ceiliúradh foirmiúil ar Lá Domhanda an tSosa Míostraithe den chéad uair agus bhí plé oscailte, macánta faoi stiúir saineolaithe ann, d'fhonn stiogma a bhaint agus tuiscint a leathnú. Spreag an ócáid seo comhráití bríocha faoin sos míostraithe san ionad oibre, rud a d'fhág gur seoladh ár mBeartas maidir leis an Sos Míostraithe, lena n-áirítear tacaíocht fheabhsaithe san ionad oibre agus saoire íoctha dóibh siúd atá ag fulaingt ó thinneas a bhaineann leis an sos míostraithe.

Seoladh Grúpa Acmhainní Fostaithe nua don Sos Míostraithe agus comóradh Lá Idirnáisiúnta na mBan le seimineár spreagúil, cumhachtaithe, ina raibh an t-údar is mó díol agus cóitseálaí sláinte Georgie Crawford i láthair.





**Clé go Deas:**
**Fíor 23** Bratach bhróid ar thuirbín gaoithe nua-shuiteáilte ag Feirm Ghaoithe Dhoirín an Locha. **Fíor 24** Sharon Doyle (Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Cumarsáide) agus Sarah Meiklereid (Ceann na Forbartha Eagraíochta) leis na haoichainteoirí Laura Dowling (fabuwellness) agus Grainne Schmitz (Menopause Hub) ag an ócáid le haghaidh Lá Domhanda an Mheanapáis 2024.

# Méadrach 7
# Folláine Fostaithe
## ar lean

### Inrochtaineacht
Is gné ríthábhachtach d'eiteas cuimsithe agus folláine í inrochtaineacht i mBord na Móna. Mar gheall ar an ngá atá le hinfheictheacht a mhéadú agus fócas níos láidre a chur ar chuimsiú míchumais ar fud na heagraíochta, bunaíodh Grúpa Acmhainní Fostaithe nua, "Beyond Limits". I mí na Nollag 2024, rinne BnM Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt i leith daoine faoi mhíchumas agus faoina gcúramóirí. Le linn plé idir baill Beyond Limits agus aíonna ar tugadh cuireadh dóibh, leagadh béim ar chuid de na daoine cumasacha faoi mhíchumas atá ag obair sa chuideachta agus ar fhostaithe atá ina gCúramóirí freisin. Trí chomhoibriú le carthanachtaí agus eagraíochtaí speisialaithe lena n-áirítear Kare, AHEAD agus eile, tá BnM ag obair chun ár linn tallainne a shaibhriú. I rith na bliana, cuireadh Oiliúint Feasachta faoi Mhíchumas ar fáil don Lucht Bhainistíochta freisin agus díríodh ar bheartas socruithe réasúnta na cuideachta.

Cuireann na himeachtaí agus na bearta seo taca faoi thiomantas BnM tacú le fostaithe a bhfuil míchumais infheicthe nó dofheicthe orthu, rud a ligeann d'fhostaithe de gach cumas rathú i gcomhréir le Spriocdháta Forbartha Inbhuanaithe 8 na Náisiún Aontaithe.

### Sláinte & Sábháilteacht
Tá cultúr Sláinte & Sábháilteachta an-réamhghníomhach ag BnM atá dírithe ar dhaoine ar fud na heagraíochta, cultúr ar thug piaraí tionscail agus measúnóirí seachtracha aitheantas dó i rith na bliana.

Cuireadh ceann dár dtionscadail suaitheanta um fhuinneamh in-athnuaite ar an ngearrliosta do Ghradam Sármhaitheas, Sláinte agus Sábháilteacht san Earnáil Phoiblí. Léiríonn an t-ainmniúchán seo na hiarrachtaí ollmhóra atá déanta ag ár saineolaithe Sláinte & Sábháilteachta inmheánacha agus ag ár bhfoireann tionscadail i rith chéimeanna pleanála, tógála agus choimisiúnaithe, nuair a caith daoine beagnach 500,000 uair an chloig ag obair gan aon am a chailliúint de bharr timpistí.

Bhuaigh ár bhfoireann Sláinte agus Sábháilteachta Tráth na gCeist Uile-Éireann faoi Shábháilteacht freisin, arna eagrú ag an Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann (NISO). Léiríonn sé sin a ndúthracht agus barr feabhais maidir leis na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a choinneáil.

### Folláine agus forbairt na bhfostaithe
Mar a tharla sna mblianta roimhe seo, rinne foireann Aacmhainní Daonna BnM, grúpa Stiúrtha ED&I agus ár n-ambasadóirí Sláinte Meabhrach comhordú ar shraith tionscnamh maidir le sláinte agus folláine. Eagraíodh Caiféanna Connect a chuir áiteanna fáilteacha, sábháilte ar fáil inar fhéad fostaithe bualadh le daoine eile. Tá Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ag BnM freisin lena dtugtar rochtain ar sheirbhís comhairleoireachta agus tacaíochta folláine atá saor in aisce agus rúnda.

Le linn cheiliúradh Sheachtain an Bhróid, chuir laoch CLG, Donal Óg Cusack tús le comhrá a spreag smaointe ar thábhacht an ghrá, an tábhacht a bhaineann le glacadh le daoine, agus a bheith dílis duit féin.

Ba é Lá Idirnáisiúnta na bhFear buaicphointe ár n-imeacht bailithe airgid i Mí na Samhna agus ceiliúradh é le himeacht a bhí tiomnaithe d'Aire a thabhairt dár bhFir, inar léiríodh tuairimí Chumann Seideanna na bhFear in Éirinn agus ionadaithe inmheánacha ED&I ar thábhacht shláinte mheabhrach na bhfear.

Eagraíodh an chéad Lá Teaghlaigh d'Fhostaithe BnM i mbliana freisin. Bhí an lá lán de gháire, ceol, bia agus siamsaíocht, agus mealladh níos mó ná 400 duine chuig fearainn pháirce áille Loch na Buara.

Cuireann BnM tacaíocht forbartha gairme ar fáil d'fhostaithe freisin trí dhá chlár atá deartha chun fás claochlaitheach a chumasú trí mheantóireacht. Tá an Clár Meantóireachta Iarchéime dírithe ar chéimithe nua-earcaithe agus iad ag tosú ar a n-aistear gairmiúil san eagraíocht, ach tá Clár Meantóireachta Aspire dírithe ar fhostaithe atá fostaithe le tamall agus cabhraíonn sé leo a spriocanna forbartha uathúla féin a aithint agus a bhaint amach.

Spreagtar ár bhfostaithe chun cuspóir láidir a chothú, rud éigin a thabhairt ar ais don tsochaí, agus dea-thionchar dearfach a bheith acu ar a bpobail agus ar shaol daoine eile. Tacaítear agus aithnítear an 'tabhairt ar ais' seo go foirmiúil i mbeartas na cuideachta maidir le hoibriú go deonach. Leis an mbeartas seo, bíonn cead ag fostaithe suas le 5 lá sa bhliain a thógáil chun cabhrú le gníomhaíochtaí a fheabhsaíonn agus a fhreastalaíonn ar na pobail ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn siad.

Bord na Móna
'Mind our Men'
Movember Challenge
International Men's Day 2024


















**Clé go Deas: Fíor 25** Meantóirí agus meantaithe an chláir Aspire Mentoring. **Fíor 26** Ócáid le haghaidh Lá Domhanda na nDaoine faoi Mhíchumas 2024. **Fíor 27** Ócáid le haghaidh Lá Idirnáisiúnta na bhFear 2024. **Fíor 28** An gradam 'An Iontráil Nua Is Fearr' sa chatagóir Eagraíocht Mhór á bhronnadh ar Fhoireann Sláinte & Sábháilteachta Bhord na Móna ag Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO). **Fíor 29** An lucht freastail ag baint sult as Lá na dTeaghlach BnM i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí, Contae Uíbh Fhailí.

# Príomhoifigeach Airgeadais BnM

D'oibrigh Lorna Devenney a bealach aníos le bheith ar an gcéad bhean a ceapadh mar Phríomhoifigeach Airgeadais in BnM. Tá sí ag cabhrú le mná eile fás agus forbairt a dhéanamh sa chuideachta anois.

**In 2025, ceapadh Lorna Devenney sa ról Príomhfheidhmeannach Airgeadais i bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach BnM.**

Is í Lorna an chéad bhean sa phost seo agus is eiseamláir í den chaoi a bhfuil mná tagtha le bheith ina spriocfhórsa chun spriocanna straitéiseacha BnM a bhaint amach.

B'fhir is mó a bhí i lucht saothair na cuideachta ó tháinig sí ar an bhfód, ach is cuspóir lárnach de Bhord na Móna anois é cabhrú le mná fás agus forbairt a dhéanamh ina ngairmeacha in BnM.

Thosaigh Lorna ag obair in BnM in 2013 mar Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí, sular aistrigh sí go dtí Airgeadais in 2019. "Bhí an-chuid teagmhála agam leis an bhfoireann Airgeadais i gcaitheamh mo phoist in Iniúchóireacht Inmheánach. Fuair mé an-spreagadh ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí cur isteach ar aon ról a bhí ag teacht chun cinn," arsa Lorna.

Chomh maith lena dúthracht féin agus a toilteanas í féin a chur chun cinn i gcomhair aon ról nua, measann Lorna go raibh an t-ádh uirthi maidir leis an méid tacaíochta a fuair sí ó na daoine ar oibrigh sí leo ar fud na cuideachta i gcaitheamh na mblianta.

"Ceapaim gurb iad an tacaíocht agus moladh neamhfhoirmiúil a fhaigheann tú ó dhaoine eile a chabhraíonn go mór leat, chomh maith le haiseolas ar na bealaí is féidir leat feabhas agus forbairt a dhéanamh. Ceapaim go gcaithfidh tú a bheith ar an eolas faoin dearcadh atá ag daoine eile ort chun forás a dhéanamh agus an áit atá uait a bhaint amach," a deir sí.

"Tá an-chuid deiseanna ann in BnM chun aistriú chuig ról i réimse eile. Nuair a fheiceann an chuideachta tallann agus fonn dul chun cinn a dhéanamh, bíonn siad sásta doirse a oscailt. Tá atmaisféar thar a bheith spreagúil ann, go háirithe do na mná."



**Fíor 30** Feirm Ghaoithe Oweninny, Contae Mhaigh Eo (Comhpháirtíocht Chomhfhiontair le BSL)





### Tréimhse athraithe agus dul chun cinn

Tá athrú ollmhór ar an timpeallacht oibre feicthe ag Lorna ó chuaigh sí isteach in BnM 12 bhliain ó shin: tá níos mó ban sna foirne ar fud an ghnólachta agus níos mó ban, cosúil léi féin, i róil ceannaireachta sinsearaí. Ar leibhéal an Bhoird, tá níos mó ban ná fear ann anois, ag cur leis an bhforás a rinneadh in 2023 nuair a bhí cóimheas 50:50 idir fhir agus mhná ar an mBord Stiúrthóirí den chéad uair.

"Tá na dálaí thar a bheith dearfach agus spreagúil do mhná ar fud na cuideachtaí," arsa Lorna. "Is máithreacha atá ag obair agus a bhfuil leanaí óga againn cuid mhór dínn agus ceapaim go dtugann sé sin spreagadh do mhná: is féidir leat gealltanais eile a bheith agat taobh amuigh den obair agus dul chun cinn a dhéanamh i do ghairm ag an am céanna."

Luann Lorna samhail oibre hibride na cuideachta mar mhodh chun níos mó solúbthachta a sholáthar, rud a thacaíonn le cothromaíocht níos fearr agus saol taobh amuigh den obair a bhaint amach.

Cé go raibh Lorna ina meantóir neamhfhoirmiúil ar roinnt mhaith iarchéimithe agus baill foirne i gcaitheamh na mblianta, tá ról níos foirmiúla aici anois mar mheantóir ag Acadamh Meantóireachta na mBan. Seoladh an clár sin in 2023 agus an cuspóir leis deiseanna meantóireachta a thabhairt do na mná a oibríonn in BnM chun tacú lena bhforbairt agus chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn ar leibhéal na bainistíochta.

"Bhí fonn orm a bheith rannpháirteach mar is breá liom nuair a éiríonn le daoine eile," a deir sí. "Is iontach an rud é clár meantóireachta foirmiúil, mar shampla Acadamh Meantóireachta na mBan, mar tugann sé daoine chun cinn nach mbeadh tagtha chun cinn ar bhealach eile, agus bíonn deis agat bualadh le daoine a oibríonn i rannóga eile den chuideachta nach raibh aon teagmháil acu leo roimhe sin."

Tá ardú céime faighte ag meantaí Lorna, Elaine Negi, go dtí ról mar Cheann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta in BnM. "Réitigh mé féin agus Elaine le chéile láithreach, agus bímid ag bualadh le chéile fós," arsa Lorna.

Deir sí gur aistrigh roinnt mhaith de na mná sa chlár go dtí ról nua, mar a rinne Elaine, gur éirigh thar cionn leis an gclár agus gur bhain sí féin tairbhe as a bheith rannpháirteach ann.

"Is deas an rud a fheiceáil nuair a thagann rath ar dhaoine agus nuair a dhéanann siad ceangail nua sa chuideachta. Tháinig rath ar ár meantaithe sa scéim go tapa mar bhíomar ag teacht le chéile gach mí chun comhrá oscailte a dhéanamh faoi dhul chun cinn sa ghairm bheatha agus i réimsí forbartha."

Ina ról nua mar Phríomhfheidhmeannach Airgeadais, tá Lorna ag baint sult as an ngné straitéiseach chomh maith le hidirghníomhú leis an mBord. "Is rud an-sásúil é a bheith i gceannas ar an bhfoireann Airgeadais agus a bheith in ann tionchar a imirt ar an todhchaí," a deir sí.

"Tá foireann den scoth timpeall orm agus faighim an-chuid tacaíochta agus spreagadh ó Tom, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ó na daoine eile ar an bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach agus mé ag socrú isteach sa ról nua seo."

"Tá dul chun cinn dochreidte déanta againn ag BnM: ó thaobh an airgeadais de, d'éirigh linn an straitéis Donn go Glas a chur i gcrích agus brabús a dhéanamh fós le linn na tréimhse sin. Tá ioncam ó fhuinneamh in-athnuaite curtha in ionad an ioncaim ó mhóin agus breoslaí iontaise againn, agus táimid ár mbrú féin chun tosaigh i gcónaí. Tá roinnt mhaith fós le déanamh agus tá sraith iontach gníomhaíochtaí amach romhainn."

**Lorna Devenney**
**Príomhoifigeach Airgeadais**



# Méadrach 8
# Rannpháirtíocht sa Phobal, Tairbhe & Comhpháirtíochtaí

17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

Ag cur lenár ngealltanas maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 17 de chuid na NA, tá BnM ag leanúint de chomhpháirtíochta straitéiseacha a chothú le heagraíochtaí agus le pobail atá ag cur go dearfach leis na SFInna a léirítear sa Nuashonrú seo, lena n-áirítear oibriú le cuideachtaí atá ag tacú le hiarrachtaí chun an córas cumhachta a dhícharbónú.

Rinneamar ceiliúradh ar gharsprioc in 2024 leis an gcéad onnmhairiú fuinnimh ó Ghrianfheirm Thigh Mochua Thuaidh BnM, a forbraíodh mar chomhfhiontar le BSL. Ag breathnú chun cinn, tá an chuideachta fós tiomanta dár bpunann fhuinneamh in-athnuaite a leathnú trí phíblíne tionscadal uaillmhianach sa todhchaí, fad a chinntítear idirphlé agus comhairliúchán oscailte le cónaitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile gar do na forbairtí beartaithe sin. Sampla de sin a bhí sa tsraith comhairliúchán poiblí arna óstáil ag Foireann Rannpháirtíochta Pobail agus Páirtithe Leasmhara BnM maidir leis an bhFeirm Ghaoithe atá beartaithe i gCill Bhearaigh i gContae Chill Dara. Is comhpháirtíocht chomhfhiontair idir BnM agus SSE Renewables é an tionscadal seo.

### Ag tacú le pobail agus mic léinn

Ar thionscadail a choimisiúnú agus a chur i bhfeidhm, bíonn bród ar BnM tacú leis na pobail in aice ár bhfeirmeacha gaoithe trí Chistí Tairbhe Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe, a sholáthair cistiú os cionn €1.4 milliún le linn 2024.


Tá an raon Cistí Tairbhe Pobail um Fheirmeacha Gaoithe ag leanúint de thacaíocht shuntasach airgeadais a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, do na comharsana is gaire agus do scoláirí áitiúla. Bhí luach breis agus leathmhilliún euro ar na cistí a bhain le Feirmeacha Gaoithe Dhroim Cáithe agus Chluain Críon i dTuaisceart Uíbh Fhailí, rud a d'fhág gur infheistíodh os cionn €2 milliún sna pobail sin le deich mbliana anuas. Leis an gcistiú sin amháin, tugadh tacaíocht do na céadta tionscadal pobail in Éadan Doire, Cluain Bolg, Baile Fobhair, Daingean, Droim Cáithe agus Oileán an Bhreatnaigh, agus cuireadh leictreachas ar fáil do 270 teaghlach trí Scéimeanna na gComharsan is Gaire, lena chinntiú go mbaineann na daoine a chónaíonn sna háiteanna is gaire do na feirmeacha gaoithe sin tairbhe dhíreach astu.

Tá ról ríthábhachtach ag díograis iontach na ngrúpaí agus na ndaoine áitiúla chun athrú dearfach a bhrú chun cinn ina gcuid pobal. Ar an gcaoi chéanna, cinntíonn iarrachtaí ár *bhFoirne Idirchaidrimh Phobail* go mbíonn tionchar bríoch ag na tionscnaimh sin.

Tugadh cúnamh airgeadais do 22 mhac léinn printíseachta, fochéime agus máistir i mbliana lenár gciste scoláireachta, chun cabhrú leo bacainní airgeadais ar an ardoideachas a shárú agus leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir (Leibhéal 6 FETAC agus os a chionn). Ar leithligh ón gciste sin agus trí bhíthin Conair Scoláireachta BnM, bronnadh 11 sparánacht bhreise ar mhic léinn fhiúntacha a léirigh físeanna spreagúla don saol sa bhliain 2040, agus iad ag díriú ar an ngaoth amach ón gcósta agus ar an inbhuanaitheacht.

### Fáilte a chur roimh thurasóirí ó cheann ceann na bliana

Tá BnM go hiomlán tiomanta feabhas a chur ar bhonneagar pobail freisin, agus tá roinnt tionscadal agus tionscnamh ar



**Fíor 31** Fostáisiún ag Grianfheirm Thigh Mochua Thuaidh, Contae Chill Dara (comhpháirtíocht chomhfhiontair le BSL).





bun againn ar ár gcuid láithreán. Cuireadh oibreacha tógála i gcrích ag an gConair Lúbtha le Droichead Portaigh ag Portach Dhoire Fada, Co. na Gaillimhe. Is éard atá i gceist leis an tionscadal conair chomhroinnte shiúil agus rothaíochta trí chiliméadair ar fhad ar feadh imeall iar-láithreáin táirgthe móna, agus cuireann sé timpeallacht inrochtana, shábháilte agus bheomhar ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí faoin aer, do chónaitheoirí agus cuairteoirí araon.

Rinne Bord na Móna uasghráduithe móra ar Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí freisin, ina measc na conairí a bhí ann cheana féin a fheabhsú agus cúrsa iarnróid velo ceithre chiliméadair ar fhad a thógáil, agus tá sé i gceist againn tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh in 2025. Tháinig méadú 14% bliain ar bhliain ar líon na gcuairteoirí chuig an bPáirc le linn na bliana agus reáchtáladh líon mór imeachtaí. Ina measc siúd bhí Margadh na Nollag, ar éirigh thar cionn leis. Tháinig na mílte cuairteoir agus bhí 45 stainnín san atmaisféar ceiliúrtha agus iad lán le hearraí ceardaíochta áitiúla, bia, grianghrafadóireacht, agus ealaín. Tugann tionscnaimh eile, an tríú Siúlóid Chuimhneacháin bhliantúil, mar shampla, léiriú ar ról lárnach na páirce sa phobal. Pléann duine eile as Bord na Móna, Lisa Kealy, tionscadail áineasa eile ar leathanach 18.

Chuir ár suíomhanna eile go mór le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara freisin, amhail Feirm Ghaoithe Mount Lucas a chuir fáilte roimh na mílte cuairteoir lena n-áirítear grúpaí scoile agus reathaithe páirce le linn 2024, agus d'eagraigh Ionad Cuairteoirí Feirm Ghaoithe Oweninny, a osclaíodh le déanaí, imeachtaí ar nós ceiliúradh na Nollag agus 'Lá Eolaíochta' go rathúil, rud a aibhsíonn an spéis mhór atá ag pobail áitiúla sna tionscnaimh seo.

### Rannpháirtíocht a mhéadú

Cuireadh tús le tionscnamh nuálach i mbliana nuair a chuir BnM fáilte roimh 137 n-oibrí deonach as Deloitte Ireland chuig Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí agus chuig Portach Choill Raithní, Contae Uíbh Fhailí, i gcaitheamh ceithre lá i mí Mheán Fómhair 2024. Forbraíodh an tionscadal comhoibríoch seo agus critéir um Maolú Thar Shlabhra Luacha (BVCM) á n-úsáid, mar a shainmhínítear sa Sprioc Eolaíocht-bhunaithe idir Ná Fág Lorg, Deloitte Ireland agus BnM.

Cuireadh 12,000 meall sfagnaim i limistéar $8,400m^2$, rud a chuirfidh dlús faoi athchóiriú na dtailte móna. Reáchtáladh gníomhaíochtaí eile do na hoibrithe deonacha i rith na gceithre lá sin freisin, ina measc ceardlanna faoi phrionsabail Ná Fág Lorg agus turas siúil faoi threoir éiceolaí. Thuairiscigh 100% de na hoibrithe deonacha ó Deloitte a ndearnadh suirbhé orthu gur fhoghlaim siad níos mó faoi thábhacht na dtailte móna mar stór carbóin.

Dúirt Caitlín Flanagan, Ceann na hInbhuanaitheachta, Deloitte: *"Is deis iontach é comhoibriú Deloitte le Ná Fág Lorg agus le BnM ar an tionscadal nuálach seo chun tacú le hathchóiriú na dtailte móna agus cur le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann, ar deireadh thiar. B'iontach an rud é gur ghlac an oiread sin dár bhfostaithe páirt ann, an POF Harry Goddard ina measc. Is cuid ríthábhachtach dár straitéis inbhuanaitheachta é daoine a chumhachtú, agus mar sin is rud iontach é d'fhoireann Deloitte a bheith rannpháirteach. Táimid ag tnúth le cuairt eile a thabhairt ar láithreáin BnM in 2025 chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim agus ag comhoibriú chun an t-éiceachóras riachtanach seo a athchóiriú."*

Chuir BnM fáilte roimh an 8ú cohórt fiontraithe sa chlár Luasaire Glas in 2024. Tá Luasaire Glas ceaptha fiontair atá ag tosú amach a chumhachtú, chomh maith le FBManna atá ag athrú agus gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil réitigh chlaochlaithe á bhforbairt acu i gcomhair todhchaí níos inbhuanaithe. Ghlac naoi gcuideachta a bhfuil gealladh fúthu páirt i gClár Fás 2025. Tháinig siad as tionscail amhail fuinneamh, teicneolaíocht an bhia, an geilleagar ciorclach, an bhithéagsúlacht agus an intleacht shaorga. Trí nuálaíocht a chothú, tá sé mar aidhm ag BnM dlús a chur faoin aistriú chuig geilleagar níos glaise.

Téann gealltanas BnM chun tacú leis an bpobal níos faide ná rannchuidiú corparáideach; baineann sé lenár bhfostaithe díograiseacha freisin, daoine a bhíonn ag obair go deonach agus ag tacú le heagraíochtaí agus tionscnaimh áitiúla agus náisiúnta, faoi scáth na cuideachta. Cuidíonn siad le carthanachtaí amhail Barretstown, áit a dtugann baill foirne BnaM cabhair ar an láthair, Pieta House, Cancer Support, Offaly Hospice Foundation Ltd., Kare agus carthanachtaí eile trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí amhail maidineacha caife agus ócáidí spraoi-reatha urraithe.




**Fíor 32** Baill de Ghrúpa BnM um Fheasacht ar Mhíchumas, an Grúpa Acmhainní Fostaithe Beyond Limits, ag bronnadh seic ar KARE d'airgead a bailíodh ag an maidin chaife 'Cuppa for KARE'.

# Tuairisciú ar Rioscaí Aeráide


Sa *Nuashonrú Inbhuanaitheachta* BA24, tugtar míniú agus léiriú ar an gcaoi a mbainistíonn Bord na Móna rioscaí aeráide agus úsáid á baint as an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Airgeadais a bhaineann le hAeráid (TNAA). Tá athruithe móra tagtha ar an gcaoi a ndéanann corparáidí nochtuithe maidir le hinbhuanaitheacht agus an aeráid le bliain anuas.

Tugadh réamhfhógra go mbeadh Bord Idirnáisiúnta na gCaighdeán Inbhuanaitheachta (BICI) ag glacadh freagrachta as faireachán a dhéanamh ar nochtuithe airgeadais aeráidbhunaithe, in áit an Bhoir um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA). Níor tugadh léiriú cinnte faoin tionchar a bheadh ag pacáiste simpliúcháin Omnibus an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus ar an gCaighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta go dtí tús 2025. Mar sin féin, agus d'ainneoin na héiginnteachta agus na moille (reachtaíocht 'stadta an chloig') arbh iad na leasuithe sin ba chúis leo, níl stopadh ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid, agus seans go bhfuil siad ag luasghéarú.

Dá bhrí sin, agus ag teacht leis na hoibleagáidí faoin gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide do chuideachtaí tráchtála leathstáit, is stuama rioscaí agus deiseanna Bhord na Mona a bhaineann leis an aeráid a chur san áireamh agus úsáid á baint as IFRS S2 mar theimpléad a dhéanann scrúdú ar Rialachas, Straitéis, Bainistíocht Riosca agus Méadracht & Spriocanna. An cur chuige ar thuairisciú a ghlacadh san fhoilseachán seo ná achoimre a thabhairt ar réimsí nár tháinig athrú orthu ó BA4, agus níos mó mionsonraí a thabhairt maidir le hábhair/réimsí a bhfuil athrú tagtha orthu le bliain anuas. Tá deiseanna a bhaineann leis an aistriú nuashonraithe agus athluaite, go bunúsach, i bhfianaise a ábhartha atá siad faoin gcreat tuairiscithe C2.

## Rialachas

Cuimsítear i bhfeidhmeanna tarmligthe Choiste Ainmniúchán agus Rialachais an Bhoird, *inter alia*, treoir a thabhairt maidir le Straitéis ESG & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, tuarascálacha rialta a fháil ó ó Cheann na hInbhuanaitheachta Corparáidí maidir le gníomhaíochtaí agus dul chun cinn atá á ndéanamh i ndáil le cleachtais ESG & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna aeráide i gcomhpháirt leis an gCoiste Riosca agus Iniúchta. Le linn na bliana, bhunaigh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach an Coiste Stiúrtha Inbhuanaitheachta chun tacú leis an gCoiste Ainmniúcháin agus Rialachais a fhreagrachtaí *Rialachais* a fheidhmiú, go háirithe i réimse na hInbhuanaitheachta Corparáidí, i gcomhréir le straitéis, misean, cuspóirí agus luachanna foriomlán an Ghrúpa. Léirítear struchtúr eagrúcháin an Choiste ESG i bhFíor 33.




**Fíor 33** Scéimléaráid an Struchtúir Rialachais do shaincheisteanna Riosca Aeráide agus Inbhuanaitheachta Corparáidí





## Straitéis

Le linn na tréimhse a chuimsítear sa *Nuashonrú Inbhuanaitheachta* seo (BA25), dhírigh straitéis chorparáideach Bhord na Móna ar Réitigh Aeráide a sholáthar, mar a leagadh amach san fhoilseachán maidir le BA24, cé gur léirigh an chuideachta go bhfuil sé ar intinn aici díriú ar fhuinneamh in-athnuaite mar a príomhghníomhaíocht amach anseo.

## An Córas Bainistíochta Riosca


Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar chóras bainistíochta riosca Bhord na Móna i *Nuashonrú Inbhuanaitheachta BA24*, atá deartha agus curtha i bhfeidhm le bheith i gcomhréir leis an treoir sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit. Tá an cur chuige a glacadh chun rioscaí (agus deiseanna) aeráide a shainaithint ag teacht leis an struchtúr atá ag córas bainistíochta riosca na cuideachta.

**Rioscaí Fisiciúla Aeráide – géar agus ainsealach**

Cé go dtugtar sainmhínithe éagsúla sa litríocht, tá sainmhíniú áisiúil agus níos ábhartha ar rioscaí aeráide fisiciúla do chorparáidí i dTuarascáil TNAA 2017.

Is féidir le rioscaí fisiciúla mar thoradh ar an athrú aeráide a bheith bunaithe ar theagmhais (géar, e.g. déine teagmhas adhaimsire, amhail stoirmeacha, tonnta teasa nó tuilte) nó ina n-athruithe níos fadtéarmaí (ainsealach, e.g. teochtaí níos airde go leanúnach) ar phatrúin aeráide. D'fhéadfadh tionchair airgeadais d'eagraíochtaí a bheith ag baint le rioscaí fisiciúla, mar shampla damáiste díreach do shócmhainní, cur isteach ar oibríochtaí agus tionchair indíreacha de thoradh cur isteach ar shlabhraí soláthair.

Bhain Bord na Móna úsáid as uirlis Met Éireann TRANSLATE, agus cur chuige leathchainníochtúil in úsáid aige chun scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí aeráide fisiciúla a d'fhéadfadh a bheith ann sa tréimhse 2041–2060, i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne 1976–2005. Dearadh an uirlis chun réamh-mheastacháin aeráide chaighdeánaithe agus seirbhísí aeráide a chur ar fáil d'Éirinn. Bhain an tsamhail úsáid as cásanna amach anseo le dhá RCP (Conair Tiúchana Coibhneasta) éagsúla lena n-áirítear sraitheanna ama astaíochtaí agus tiúchana den tsraith iomlán gás ceaptha teasa (GCTanna), aerasóil agus gáis atá gníomhach go ceimiceach, chomh maith le húsáid talún/clúdach talún. Ní sholáthraíonn RCPanna ach sraith amháin de go leor cásanna féideartha a mbeadh leibhéil éagsúla téimh dhomhanda mar thoradh orthu. Tá RCP4.5 ainmnithe ag an IPCC (Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) mar chás idirmheánach, measartha nó cobhsaíochta, agus i gcodarsnacht leis sin is cás ard-astaíochtaí gás ceaptha teasa é RCP8.5 in éagmais polasaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, rud a fhágann go mbeidh fás leanúnach agus inbhuanaithe i dtiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar agus méadú ar mhiondealú aeráide.




**Fíor 34** Aschur samhaltaithe ó uirlis TRANSLATE Met Éireann d'athrú ar Mheánluas Gaoithe Bliantúla 10m don tréimhse 2041–2060 i gcomparáid leis an mbonnlíne 1981-2000 baseline faoi chásanna CCC4.5 agus CCC8.5.

# Tuairisciú ar Rioscaí Aeráide ar lean

## An Córas Bainistíochta Riosca ar lean

**Rioscaí Fisiciúla Aeráide – géar agus ainsealach** ar lean

D'úsáid an tsamhail cásanna amach anseo le dhá CCC (Conairí Comhchruinnithe Coibhneasta) dhifriúla a gcuimsítear iontu amshraith d'astaíochtaí agus de chomhchruinnithe den tacar iomlán de gháis cheaptha teasa (GCTanna), aerasóil agus gáis atá gníomhach go ceimiceach, mar aon le talamhúsáid/cumhdach talún. Ní sholáthraíonn CCCanna ach tacar amháin de go leor cásanna a bheadh mar bhonn le leibhéil dhifriúla de théamh domhanda. D'ainmnigh IPCC (An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) CCC4.5 mar chás idirmheánach, measartha nó cobhsaithe, agus i gcodarsnacht leis sin tá CCC8.5 – cás bunaithe ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa arda de bhrí nach bhfuil aon bheartas bunaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, rud a bheidh mar bhonn le fás leanúnach agus leantach ar chomhchruinnithe gáis cheaptha teasa atmaisféaracha agus géarchéim aeráide mhéadaithe.

Tríd an dá CCC a úsáid, réamh-mheasann an samhaltú géar-rioscaí aeráide fisiciúla a bhaineann le déine mhéadaithe teagmhas adhaimsire cosúil le stoirmeacha agus tuilte, agus ní nach ionadh, minicíochtaí níos airde de theagmhais adhaimsire ag CCC 8.5. Damáiste fhéideartha agus deisiú agus costais chothabhála níos airde do shócmhainní, i dteannta leis an bhféidearthacht go mbeidh an t-ioncam ag laghdú mar thoradh ar acmhainn 'táirgthe' laghdaithe mar gheall ar na géartheagmhais seo. Chun tacú le maolú, cuimsítear i dtionscadail agus in oibríochtaí Bhord na Móna, go háirithe forbairtí nua bonneagair ar eastát na cuideachta, bearta a bhaineann le seasmhacht aeráide ina ndearadh, lena n-áirítear measúnuithe riosca stuama tuilte, riosca, ag an gcéim thoilithe agus thógála ina gcuimsítear tionchair fhéideartha guaiseacha aeráide amach anseo.

I *Nuashonrú Inbhuanaitheachta BA24,* thug aschuir shamhaltaithe ón uirlis TRANSLATE go dtiocfaidh méadú ar an athrú Mheánteocht Airmheánach i gcomparáid le bonnlíne stairiúil faoi chásanna glactha éagsúla. Tá anailís bhreise ar aschuir TRANSLATE san fhoilseachán seo, Fíoracha **34** ina réamh-mheastar laghduithe ar mheánluasanna gaoithe bliantúla i gcomparáid leis an mbonnlíne (1976–2005) don tréimhse 2041–70 faoi chásanna CCC4.5 agus CCC8.5.

Má tharlaíonn an méid atá tuartha sna samhlacha seo, d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag a leithéid ar thorthaí ó thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach anseo; má dhírítear ar mhaolú, cuimsítear sa mheasúnú ar infheistíochtaí amach anseo anailís íogaireachta do thorthaí bunaithe ar chásanna aeráide difriúla.

**Rioscaí agus Deiseanna Aistrithe**

Le cois na rioscaí fisiciúla a bhaineann leis an athrú aeráide, baineann rioscaí aistrithe comhthoraidh le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, a mbeidh a uainiú agus luas ag brath ar bheartas agus ar rialachán, forbairt teicneolaíochta agus athruithe ar shainroghanna tomhaltóirí chun déileáil le ceanglais mhaolaithe agus oiriúnaithe. Nuair atá breithniú á déanamh ar chásanna amach anseo a bhaineann leis an 'aistriú,' tá a straitéis aistrithe á hailíniú ag Bord na Móna, chun feidhmiú mar chuideachta réiteach aeráide atá dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite, le Pleananna Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Rinneadh scrúdú freisin ar chonairí samhaltaithe domhanda eile lena n-áirítear an cás don Líonra do Ghlasú an Chórais Airgeadais (LGCA), agus na Conairí Socheacnamaíocha Comhroinnte (CSC) a úsáidtear mar ionchur i dtuarascálacha measúnaithe IPPC. Snáithe coiteann idir na cásanna LGCA agus SCSanna é an ról a d'fhéadfadh a bheith ag leictreachas glan i sochaí atá ag dícharbónú. Chomh maith leis sin, tá veicteoir an fhuinnimh ghlais curtha san áireamh sna spriocanna uaillmhianacha don earnáil i bPlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 (PGA 24), a athdhearbhaíodh san athbhreithniú a rinneadh ar an bplean in 2025 (PGA 25). Ceanglaíonn PGA 25 laghdú 75% ar astaíochtaí leictreachais na hÉireann bunaithe ar leibhéil 2018 faoi 2030 agus méadú ar an sciar de leictreachas in-athnuaite go dtí 80% trí 9 GW de ghaoth ar talamh, 8 GW de ghrianchumhacht agus ar a laghad 5 GW de ghaoth amach ón gcósta. Cosúil le cuideachtaí eile sa tionscal, tá ag eagraíocht seo ag déileáil leis na rioscaí 'aistrithe' polaitiúla agus rialála seanbhunaithe a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar imlonnú fuinnimh ghlais in Éirinn.

Chomh fada is a bhaineann leis na rioscaí aistrithe a bhaineann le margaí, éilíonn infheistíochtaí inmharthana i bhfuinneamh in-athnuaite sásra cobhsaí do phraghsáil charbóin a léiríonn costas 'seachtrach' dáiríre astaíochtaí gás ceaptha teasa. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an dá riosca aistrithe sin ar shreafaí ioncaim na cuideachta amach anseo agus an glacadh atá aici le hinfheistíochtaí sa réimse seo. Mar sin féin, beidh an t-aitheantas beagnach uilíoch don ról riachtanach a bheidh ag leictreachas glas i ngach cás ina nglactar go réasúnach leis an maolú aeráide mar dheis ghnó iontach do Bhord na Móna agus cuirtear san áireamh a dhea-theist i ndáil le seachadadh, acmhainní agus saineolas reatha agus na tionscadail inmharthana atá beartaithe a chur i gcrích.

**Méadracht agus Spriocanna**

Tugtar mionsonraí faoi astaíochtaí Bhord na Móna agus faoi ghiniúint fuinnimh in-athnuaite ar leathanaigh 6 agus 9 faoi seach.





# Feidhmíocht ESG na Soláthraithe


Le trí bliana anuas tá a acmhainn um Inbhuanaitheacht Chorparáideach á mhéadú ag BnM agus tá tábhacht a shlabhra soláthair chun rath fadtéarmach a chinntiú ag éirí níos soiléire an t-am ar fad.

Ní leor a thuilleadh díriú ar chostas agus éifeachtúlacht soláthróirí, mar a rinneadh go dtí seo. Seachas sin, chun an dea-cháil atá againn a chosaint, teacht aniar a fheabhsú, agus comhpháirtithe a mhealladh agus a choinneáil, tá BnM ag féachaint le buntáiste iomaíoch a chruthú trí ailíniú dearfach ESG laistigh dár slabhra soláthar a fheabhsú. Is próiseas ilgnéitheach é seo, a thosaíonn le critéir inbhuanaitheachta a chomhtháthú san fheidhm soláthair. Cuimsítear sna critéir sin, *inter alia*, feidhmíocht chomhshaoil, lena n-áirítear próifílí astaíochtaí, saincheisteanna sóisialta a phléann le saothar/cearta an duine agus beartais agus cleachtais um éagsúlacht, comhionannas agus uilechuimsiú, chomh maith le rialachas a chuimsíonn iompar i gcúrsaí gnó agus rannpháirtíocht i gcreataí dearbhaithe tríú páirtí. Chomh luath agus a ghlactar le soláthróirí bíonn sé riachtanach faireachán agus fíorú a dhéanamh ar na dintiúir ESG a dhearbhaíonn siad. Is réimse é seo atá deacair agus a éilíonn roinnt mhaith ama agus acmhainní. Féadfaidh cúnamh seachtrach a bheith éifeachtach ó thaobh costais de agus an próiseas a bhrostú.

Tá tús curtha ag BnM leis an gcéim faireacháin seo agus gníomhaireacht rátála ESG tríú páirtí á úsáid aige. Tá na torthaí ardleibhéil á nochtadh aige den chéad uair i Nuashonrú Inbhuanaitheachta na bliana seo. Glacadh cur chuige comhiomlán sa chéad mheasúnú seo, agus éireoidh na leaganacha eile amach anseo níos gráinní de réir a chéile. Bailíodh sonraí ó raon leathan foinsí, lena n-áirítear ó ráitis airgeadais reachtúla a cuireadh isteach, gníomhaireachtaí rialála, comhlachtaí deimhnithe agus creataí um chaighdeáin ESG (CDP, GRI, TCFD, SFInna na NA, etc.). Cuireadh pointí sonraí i dtoll a chéile agus roinneadh iad ina dtrí ghrúpa; Comhshaol, ina raibh 11 ábhar ar leithligh, 13 ábhar a bhain le saincheisteanna Sóisialta agus 7 n-ábhar faoi Rialachas Corparáideach. Tugtar léiriú mionsonraithe ar an measúnú aschurtha ó na 600 soláthróir is mó a úsáideann BnM (bunaithe ar chaiteachas i BA25) i bhFíor 35 thíos. Tá na torthaí tosaigh sin sásúil agus chuir an ghníomhaireacht sheachtrach rátála in iúl dúinn go bhfuil dáileadh BnM na ranguithe ESG dá chuid soláthróirí beagán níos fearr ná an meánscór a fuair cuideachtaí inchomparáide a fheidhmíonn in earnálacha comhionanna.

Tuigtear go bhfuil gné threallach (agus dílsithe) ag baint leis an scóráil ach tá an chéad mheasúnú seo ceaptha scrúdú sláinte seachas diagnóisic mhionsonraithe a chur ar fáil. Mar sin féin, tá tacar sonraí áisiúil 'comparáideach' cruthaithe leis an gcleachtadh tosaigh seo, a chuir ar chumas na heagraíochta idirdhealú a dhéanamh idir sholáthróirí atá ag feidhmiú go maith agus soláthróirí atá in ann feabhsú, agus iad a chainníochtú go hoibiachtúil.

Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, creideann BnM gur buntáiste iomaíoch a bheidh i bhforbairt slabhraí soláthair inbhuanaithe agus athléimneacha, tríd an chuideachta a chosaint ar rioscaí ESG a thiocfaidh chun cinn agus trí nuálaíocht agus éifeachtúlacht a thiomáint trí fhoinsiú freagrach.




**Fíor 35** Dáileadh Rangaithe Soláthróirí ESG

# Tagairtí

[1] Faighte ag **https://unglobalcompact.org/what-is-gc/participants/166700-Bord-na-M-na-plc**

[2] Faighte ag **https://unfccc.int/documents/637073**

[3] I gcomhréir le ceanglas an Phrótacal maidir le GCT, measadh go raibh 455k tona $CO_2$eq d'astaíochtaí ann a bhí neodrach ó thaobh carbóin de nó 'Lasmuigh den Raon Feidhme'

[4] Faighte ag **https://assets.gov.ie/static/documents/Climate_Action_Plan_2025_updated_cover.pdf**

[5] Faighte ag **https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/government-statement-on-the-role-of-data-centres-in-irelands-enterprise-strategy.pdf**

[6] Faighte ag Cullen, C. 2024. The breeding status of Eurasian Crane Grus grus in Ireland 2019-2023. Irish Birds 46:85-87

[7] Faighte ag **www.bnmpcas.ie**

[8] Faighte ag D'Arcy, G. 1999. Irelands Lost Birds. Four Courts Press, Baile Átha Cliath

[9] Faighte ag **https://peatlandsandpeople.ie/news/world-peatlands-day-sphagnum-planting-and-monitoring-update-from-bnm-bogs**

[10] Faighte ag **www.raisedbogs.ie/what-is-a-raised-bog**

[11] Faighte ag **www.npws.ie**

[12] Faighte ag **www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/press-releases/blanket-bog-recovery-efforts-boosted-through-additional-15-million-funding**

[13] Faighte ag **www.wildatlanticnature.ie**

[14] Faighte ag **https://www.bnm.ie/wp-content/uploads/2024/12/Gender-Pay-Gap-2024-Report.pdf**

BnM
An Phríomhshráid, Droichead Nua,
Co. Chill Dara, W12 XR59

**T.** (045) 439000
**E.** info@bnm.ie
**W.** www.bnm.ie

2025